





sa o r á n a c h t á i t i ú i l a g u s d h o m h a n d a

nótaí múinteoirí aonaid 4, 5 agus 6



CLÁR

	Leathanach
Réamhrá ar Chomhionannas agus Ceartas Sóisialta	2
Aonad 4: EISIAMH Á THUISCINT	6
Aonad 5: COMHIONANNAS Á BHAINN AMACH	10
Aonad 6: CEARTAS SÓISIALTA Á INIÚCHADH	23
AGUISÍNÍ	
Aguisín 5: Comhionannas á Thuiscint	37
Aguisín 6: Dátaí Fhéilire an Domhain	39
Aguisín 7: Ceartas Sóisialta	40
Aguisín 8: Ceannteidil Grianghraf	41
Aguisín 9: Scríbhneoirí	43
Aguisín 10: Admhálacha	44
FREAGRAÍ AR NA GNÍOMHAÍOCHTAÍ:	
4.2 Eiseamláir de Theimpléad Eisiata Comhlánaithe	47
6.1 Dá mBeadh £100 le Roinnt ag an Domhan	48

Réamhrá ar Chomhionannas agus Ceartas Sóisialta

Maidir leis an Áis seo

Is é is cuspóir don áis seo ná tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí agus dá scoileanna agus aghaidh á tabhairt acu ar na moltaí don tSaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda mar atá sa churaclam d'Eochairchéim 3. Is é an buntéama a luaitear ann ná Comhionannas agus Ceartas Sóisialta a leanann ar aghaidh ón áis roimhe a bhí ag plé le hIlchineálacht agus Cuimsitheacht agus le réamhrá ar Chearta Daonna agus Freagracht Shóisialta.

Ós rud é gur buntéama é Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta le linn Eochairchéim 3 uile tugtar na coincheapa seo chun suntais sna gníomhaíochtaí a bhaineann le Comhionannas agus Ceartas Sóisialta. Cuirfear leabhrán eile ar fáil don bhuntéama Daonlathas agus Rannpháirtíocht Ghníomhach. Bíodh is nár scríobhadh an áis seo go baileach don tSaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda ag Eochairchéim 4, d'fhéadfaí í a úsáid mar threoir úsáideach ar na buntéamaí céanna seo ag Eochairchéim 4.

Ceapadh an áis sa dóigh nach dtabharfaí ach an íosteidlíocht faoi choinne imscrúduithe ar an bhuntéama de Chomhionannas agus Ceartas Sóisialta. Níl sé i gceist gur áis chinntitheach ar Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda a bheidh inti. Moltar do na scoileanna cur leis an áis de réir mar a fhóireann do riachtanais agus do spéiseanna a gcuid daltaí féin trí, mar shampla, áiseanna ábhartha ó ghníomhaireachtaí seachtracha; saincheisteanna reatha ó na meáin chumarsáide; scéimeanna oibre dá gcuid féin srl.

Leagan Amach na hÁise

Tá trí aonad san áis. Tugann gach aonad acu aghaidh ar bhuntéamaí. Tugtar breac-chuntas orthu siúd anseo thíos.

Aonad 4: Eisiamh á Thuiscint

- Cad is eisiamh ann?
- Cad chuige a mothaíonn daoine eile go bhfuil siad eisiata?

Aonad 5: Comhionannas á Bhaint Amach

- Cén cineál duine a bhíonn eisiata ag sochaí?
- Cén dóigh a mbíonn daoine eisiata ag sochaí?
- Cén dóigh ar féidir linn Comhionannas a chothú?

Aonad 6: Ceartas Sóisialta á Iniúchadh

- Cén dóigh a bhfuil neamhionannais ann ar bhonn áitiúil agus ar bhonn domhanda?
- Cad is bochtaineacht ann?
- Cén dóigh ar féidir linn Ceartas Sóisialta a chothú?

Chomh maith leis seo, ag tús gach aonaid, déantar achoimre ar an aonad mar Léarscáil Choincheap. Tugann an léarscáil choincheap forbhreathnú gasta ar an dóigh a n-iniúchtar agus a bhforbraítear na buntéamaí trí ghníomhaíochtaí ábhartha. Ar an chéad leathanach eile tá forbhreathnú ar na trí aonad a iniúchtar sa leabhrán.

Léarscáil Choincheap don Áis seo

Comhionannas agus Ceartas Sóisialta

Tugann an léarscáil choincheap seo thíos breac-chuntas ar bhealach coincheapúil tríd an bhuntéama thíos.

- Comhionannas agus Ceartas Sóisialta

agus leanann sé ar aghaidh ón bhuntéama thíos:

- Cearta Daonna agus Freagracht Shóisialta

Tá na buntéamaí agus an fhorbairt acu ceangailte go soiléir le sainghníomhaíochtaí taobh istigh den áis.

Aonad 4: Eisiámh á Thuiscint

<i>Bunchoincheapa</i>	<i>Forbairt Choincheap</i>	<i>Bunghníomhaíochtaí</i>
Súil siar ar bhliain 8 agus réamhrá ar bhliain 9		<i>Bunrialacha a athleagan síos</i> <i>Súil siar ar Chairt Ranga¹</i> 4.1 Domhan Idéalach
↓ Cad is eisiámh ann?	→ Mothúcháin eisiata Eisiámh ar scoil i ngeall ar fhéiniúlacht ghrúpa agus/nó thosca ábhartha	4.2 Ag mothú go bhfuil tú Eisiata 4.3 Daoine eile á n-Eisiámh*

¹Ba chóir gur doiciméid *bheo* iad na bunrialacha agus an Chairt Ranga. Ba chóir go dtabharfaí deiseanna do na daltaí filleadh ar na doiciméid seo go rialta chun cur leo agus chun iad a leasú de réir mar a shíleann na daltaí féin. Is leis an chomhartha * ar an léarscáil choincheap a chuirtear in iúl na pointí is fóirsteanáí chun na bunrialacha agus an chairt a imscrúdú.

Aonad 5: Comhionannas á Bhaint Amach

<i>Bunchoincheapa</i>	<i>Forbairt Choincheap</i>	<i>Bunghníomhaíochtaí</i>
Cén cineál duine a bhíonn eisiata ag an tsochaí?	Eisiamh i ngeall ar fhéiniúlacht ghrúpa (grúpaí "Rannóg 75")	5.1 Ollchéimeanna?
Cén dóigh a mbíonn daoine eisiata ag an tsochaí?	Steiréitíopa Claontacht Leithcheal	5.2 Deir Siad . . . Deirimse . . . 5.3 Leithcheal á Fhreagairt
Cén dóigh ar féidir linn comhionannas a chothú?	Ról: An Duine Aonair Na Sochaí An Rialtais	5.4 Gníomhartha don Chomhionannas* <i>Fiosrú is Mine</i>
An bhfuil comhionannas mar "cheart" ag duine?	Gealltanais a thug rialtais i DUCD, CNACP Gealltanais a chomhlíon an rialtas againne maidir le dlí an chomhionannais ²	5.5 Comhionannas á Ghealladh? * 5.6 Comhionannas - Thuas seal agus Thíos seal!
Cad iad na neamhionannais eile sa tsochaí againn?	Eisiamh i ngeall ar thosca ábhartha	5.7 An Bóthar chun an Chomhionannais

² Is pointe fóirsteanach é seo i bhforbairt smaointe an dalta ar Chearta Daonna chun Bille na gCeart atá molta do Thuaisceart Éireann a iniúchadh. D'fhéadfadh na daltaí, go háirithe, fiosrú a dhéanamh ar ról na gCeart Daonna chun deiseanna comhionannais a chothú do shainghrúpaí taobh istigh de Thuaisceart Éireann, mar shampla inscne, míchumas, cearta páistí srl. Tá áis forbartha ag Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart Éireann chun cuidiú le daltaí na saincheisteanna seo a fhiosrú.

Aonad 6: Ceartas Sóisialta á Iniúchadh

<i>Bunchoincheapa</i>	<i>Forbairt Choincheap</i>	<i>Bunghníomhaíochtaí</i>
Cad iad neamhionannais dhomhanda?	Eisiamh i ngeall ar chúrsaí ábhartha	6.1 "Dá mbeadh £100 sa domhan . . ."
Cad is bochtaineacht ann?	Dearbh-bhochtaineacht Bhochtaineacht choibhneasta Fáil ar chúram sláinte, dhídean, oideachas agus fhostaíocht mar tháscairí ar bhochtaineacht	6.2 <i>Bhochtaineacht á samhlú</i> 6.3 <i>Bhochtaineacht á hiniúchadh</i>
Cén dóigh ar féidir linn ceartas sóisialta a chothú ar bhonn domhanda?	Ról: An Duine Aonair Na Sochaí An Rialtais	6.4 Gníomhartha don Cheartas Shóisialta* <i>Fiosrú is Mine</i>
Cad is bochtaineacht choibhneasta ann?	Táscairí na bochtaineachta i dTuaisceart Éireann	6.5 An Bhochtaineacht i mBéal Dorais? 6.6 An Bhochtaineacht: Cearta agus Éigearta <i>Fiosrú is Mine</i>
Cén dóigh ar féidir linn ceartas sóisialta a chothú i dTuaisceart Éireann?	Ról: An Duine aonair Na Sochaí An Rialtais ³	6.7 Cad is féidir linne a dhéanamh? 6.8 Ceartas Sóisialta á Bhaint Amach?*
Cén dóigh a gcruthófar domhan idéalach ag luachanna an chomhionannais agus an cheartais shóisialta?		6.9 Fill ar an Domhan Idéalach*

³Is pointe fóirsteanach é seo i bhforbairt smaointe an dalta ar Chearta Daonna chun Bille na gCeart atá molta do Thuaisceart Éireann a iniúchadh. D'fhéadfaidís, go háirithe, fiosrú a dhéanamh ar na sainfhorálacha faoi choinne ceart socheacnamaíoch i mBille na gCeart. Tá áis forbartha ag Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart Éireann chun cuidiú le daltaí na saincheisteanna seo a fhiosrú.

AONAD 4: EISIAMH Á THUISCINT

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP

Bunchoincheapa	Forbairt Choincheap	Bunghníomhaíochtaí
<p>Súil siar ar bhliain 8 agus réamhrá ar bhliain 9</p> <p>↓</p> <p>Cad is eisiámh ann?</p>	<p>Mothúcháin eisiata Eisiámh ar scoil i ngeall ar fhéiniúlacht ghrúpa agus/nó thosca ábhartha</p>	<p><i>Bunrialacha a athleagan síos</i> <i>Súil siar ar Chairt Ranga¹</i> 4.1 Domhan Idéalach</p> <p>4.2 Ag mothú go bhfuil tú Eisiata 4.3 Daoine eile á n-Eisiámh*</p>

AN tATMAISFÉAR SA SEOMRA RANGA Á LEAGAN SÍOS

Sula dtugann sibh aghaidh ar an téama Comhionannas agus Ceartas Sóisialta cuir i gcuimhne do na daltaí an dóigh ar oibrigh siad mar ghrúpa ranga an bhliain seo a chuaigh thart i Saoránacht Áitiúil agus Dhomhanda, mar shampla, *ag éisteacht lena chéile, meas a bheith acu ar thuirimí a chéile srl.* Tabhair deis do na daltaí dul siar ar na “bunrialacha” agus an Chairt Ranga (féach Aonad 1.3 agus 1.4) a leagadh síos anuraidh agus, más gá, athruithe a leasú agus a chomhaontú. Má tá daltaí nua sa rang beidh an ghníomhaíocht seo thar a bheith tábhachtach. Ba chóir an dá cheann de na doiciméid seo a chur ar taispeáint sa seomra ranga agus tagairt a dhéanamh dóibh i rith na bliana.

¹Ní mór gur doiciméid *bheo* iad na bunrialacha agus an Chairt Ranga. Ba chóir go dtabharfaí deiseanna do na daltaí filleadh ar na doiciméid seo go rialta chun cur leo agus chun iad a leasú de réir mar a shíleann na daltaí féin. Is leis an chomhartha * ar an léarscáil choincheap a chuirtear in iúl na pointí is fóirsteanáí chun na bunrialacha agus an chairt a imscrúdú.

GNÍOMHAÍOCHT 4.1 - DOMHAN IDÉALACH

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 1.1a Teimpléad den Domhan Idéalach (féach Aonad 1)

Réamhrá

Féach Gníomhaíocht 1.1 arís agus cuir i gcuimhne do na daltaí an freagra a thug siad air seo anuraidh.

Dul chun cinn

- 1 Bain úsáid as na freagraí seo le cuidiú leis na daltaí na tuairimí acu a cheangal le coincheapa an chomhionannais agus an cheartais shóisialta. Ina ngrúpaí beaga nó ina bpéirí iarr ar na daltaí tosaíocht a thabhairt do 3-5 focal nó comhaontú ar fhocail a bhaineann le comhionannas agus ceartas sóisialta. Ba chóir go spreagfaí na daltaí na tuairimí acu a chur in iúl trí phictiúir, líníochtaí srl.
- 2 Cuir iad seo ar taispeáint ar "chlár graffiti" sa seomra ranga agus cuir leo de réir mar is gá.

Conclúid

Mínigh do na daltaí gurb é atá taobh thiar den réamh-ghníomhaíocht seo ná nádúr ilchineálach na sochaí a mairimid inti a chur i gcuimhne dóibh. Mar gheall air seo tá sé riachtanach go ndéanfaí cearta an duine aonair agus comhchearta a chosaint lena chinntiú go gcaitear le gach duine ar bhonn comhionannais agus cothromaíochta. Déanfar iniúchadh ar na coincheapa seo arís sna trí aonad:

- Aonad 4 Eisiámh á Thuiscint
- Aonad 5 Comhionannas á Bhaint Amach
- Aonad 6 Ceartas Sóisialta á Iniúchadh

GNÍOMHAÍOCHT 4.2 - NUAIR A MHOThAIGH MÉ GO RAIBH MÉ EISIATA

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 4.2 Teimpléad Eisiata

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí na gníomhaíochtaí a bhí ann anuraidh maidir le hilchineálacht sa tsochaí againn a iniúchadh agus a fhreagairt. Iarr ar dhaltaí bheith ag cuimhneamh ar shamplaí a léiríonn mar a dhéanann daoine aonair, an tsochaí agus rialtas iarracht an chuimsitheacht a chothú sa tsochaí. Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag díriú anois ar an dóigh a mothaíonn daoine nach gcuirtear san áireamh i gcónaí iad agus ar an dóigh a mothaíonn daoine i sochaí go bhfuil siad eisiata ar chúiseanna éagsúla.

Dul chun cinn

- 1 Mínigh do na daltaí go n-iarrfar orthu sa ghníomhaíocht seo bheith ag smaoineamh ar ócáid nuair a mhothaigh siad nár cuireadh san áireamh iad nó go raibh siad eisiata. Tig leat na tuairimí acu a spreagadh trí mholtaí ginearálta a dhéanamh amhail “. . . b'fhéidir go raibh baint aige le foireann; le grúpa ar leith daoine; gan bheith ábalta páirt a ghlacadh i rud éigin” srl.

Caithfidh beann a bheith ag múinteoirí ar íogaireachtaí daoine aonair sa rang agus an ghníomhaíocht a threorú ag leibhéal cuí. Ní gá dóibh mionsonraí na taithí acu a insint do dhuine ar bith eile. Beidh an deis acu an t-eolas faoi chineálacha ginearálta de dhálaí ina mothaíonn daoine go bhfuil siad eisiata a chur i gcomparáid lena chéile.

- 2 Iarr ar dhaltaí bheith ag smaoineamh ar fhocail chun cur síos ar na mothúcháin acu. Tig leo na focail seo a thaifeadadh mar chuid dá n-eolas pearsanta féin.
- 3 Cuir na daltaí i ngrúpaí de thriúr agus iarr orthu liosta comhaontaithe de dhálaí inar mhothaigh daoine go raibh siad eisiata a fhorbairt. Iarr ar na daltaí labhairt ar na mothúcháin a bhainfeadh leis na dálaí seo agus na torthaí acu a thaifeadadh ar Theimpléad Eisiata.

Conclúid

Iarr ar na daltaí labhairt ar thrí shampla d'eisiamh agus ar na mothúcháin a bhaineann leo. Úsáid an t-eolas seo chun focail chuí a bhaineann le heisiamh a shainaithint agus a mhíniú (féach Teimpléad Eisiata comhlánaithe in “Freagraí ar Ghníomhaíochtaí” ag cúl an leabhráin le smaointe a fháil). Beidh siad seo ina gcuidiú maidir leis an phlé sa chuid eile den aonad seo.

Ceacht Breise

Iarr ar na daltaí an Teimpléad Eisiata acu a chomhlánú trí reanna na réalta a cheangal le línte lipéadaithe lena léiriú cad iad na gníomhartha nó an dearcadh a laghdódh eisiamh.

AONAD 4.3 - CAD CHUIGE A MOTHÁIONN DAOINE EILE GO BHFUIL SIAD EISIATA?

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 4.3a Comhad Fíricí Eisiata
 - 4.3b 'Ag mothú go bhfuil tú eisiata' Proforma Carachtair

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí cuid de na focail, a tháinig chun cinn sa ghníomhaíocht roimhe seo, a bhaineann leis an dóigh a mothaíonn daoine go bhfuil siad eisiata. Mínigh do na daltaí go mbeidh iniúchadh á dhéanamh acu sa ghníomhaíocht seo ar dhálaí éagsúla inar mhothaigh daoine óga eile nár cuireadh san áireamh iad (go raibh siad eisiata).

Dul chun cinn

Roinn an rang ina ngrúpaí de cheathrar nó chúigear. Tabhair Comhad Fíricí agus Proforma Carachtair dífriúil do gach grúpa, de réir mar is cuí, agus iarr orthu an t-eolas a léamh go cúramach.

Iarr ar na daltaí plé a dhéanamh ar an chúis a mothódh a gcarachtar gur fágadh as an áireamh iad agus iad seo agus na mothúcháin a bheadh acu sa chás áirithe seo a thairféadadh ar an proforma.

Tabhair mar thasc do gach grúpa scéalchlár a chruthú ar an charachtar acu. Spreag iad chun aird a dhíriú ar na mothúcháin a bhíonn ag an duine sa radharc acu nuair a fhágtar as an áireamh é/í agus chun dóigheanna a mholadh ina bhféadfaí an cás a athrú le go mothódh an duine óg nach raibh sé/sí a oiread sin as an áireamh.

Iarr ar na daltaí a scéalchlár a léiriú don chuid eile den rang mar rólimirt, stiall greannáin, seó puipead, scéal nuachta, radharc agallaimh, léiriúchán PowerPoint srl.

Conclúid

Mínigh go bhfágfaí daoine aonair áirithe as an áireamh/eisiata cionn is go mbaineann siad le grúpa ar leith, Yamila mar shampla, nuair a d'fhágfaí daoine eile as an áireamh i ngeall ar na tosca ábhartha acu, Sinéad mar shampla.

AONAD 5: COMHIONANNAS Á BHAINT AMACH

LÉARSCÁIL CHOINCEAP

<i>Bunchoincheapa</i>	<i>Forbairt Choincheap</i>	<i>Bunghníomhaíochtaí</i>
Cén cineál duine a bhíonn eisiata ag an tsochaí?	Eisiamh i ngeall ar fhéiniúlacht ghrúpa (grúpaí "Rannóg 75")	5.1 Ollchéimeanna?
Cén dóigh a mbíonn daoine eisiata ag an tsochaí?	Steiréitíopa Claontacht Leithcheal	5.2 Deir Siad . . . Deirimse . . . 5.3 Leithcheal á Fhreagairt
Cén dóigh ar féidir linn comhionannas a chothú?	Ról: An Duine Aonair Na Sochaí An Rialtais	5.4 Gníomhartha don Chomhionannas* <i>Fiosrú is Mine</i>
An bhfuil comhionannas mar "cheart" ag duine?	Gealltanais a thug rialtais i DUCD, CNACP Gealltanais a chomhlíon an rialtas againne maidir le dlí an chomhionannais ¹	5.5 Comhionannas á ghealladh?*
Cad iad na neamhionannais eile sa tsochaí againn?	Eisiamh i ngeall ar thosca ábhartha	5.6 Comhionannas - Thuas agus Thíos seal! 5.7 An Bóthar chun an Chomhionannais

N.B.: Sula dtosaíonn sibh ar na gníomhaíochtaí seo is féidir go mbeidh sé ina chuidiú an t-eolas atá ar fáil do mhúinteoirí in Aguisín 5 "Comhionannas á Thuiscint" a léamh.

¹Is pointe fóirsteanach é seo i bhforbairt smaointe an dalta ar Chearta Daonna chun Bille na gCeart atá molta do Thuaisceart Éireann a iniúchadh. D'fhéadfadh na daltaí, go háirithe, fiosrú a dhéanamh ar ról na gCeart Daonna chun deiseanna comhionannais a chothú do shainghrúpaí taobh istigh de Thuaisceart Éireann, mar shampla inscne, míchumas cearta páistí srl. Tá áis forbartha ag Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart Éireann chun cuidiú le daltaí na saincheistanna seo a fhiosrú.

GNÍOMHAÍOCHT 5.1 - OLLCHÉIMEANNA?

Áiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - 5.1a Rólchártaí Comhionannais
 - 5.1b Pas Comhionannais
 - 5.1c Bileog Oibre Ollchéimeanna (más gá)

Réamhrá

Cuir na ceachtanna roimhe seo i gcuimhne do na daltaí mar aon le cuid de na cúiseanna a mothódh daoine gur fágadh as an áireamh/eisiata iad ar scoil. Mínigh dóibh go mbeidh iniúchadh á dhéanamh acu sa chéad sraith eile de cheachtanna ar thaithí daoine a d'fhágfaí as an áireamh/eisiata iad i ngeall ar ghrúpaí a mbaineann siad leo sa tsochaí.

Dul chun cinn

- 1 Tabhair rólchártaí do na daltaí agus iarr orthu an t-eolas faoina gcarachtar a léamh. Níor chóir go nochtadh na daltaí a gcarachtar don chuid eile den rang. (Seans gur mhaith leat féiniúlachtaí is coimléascaí a thabhairt do na daltaí is cumasaí).
- 2 Iarr ar na daltaí seasamh i líne ag cúl an tseomra, ag amharc chun tosaigh. Mínigh dóibh go mbeidh sraith ráiteas á léamh agat (féach anseo thíos). Má shíleann siad go n-aontóidh a gcarachtar leis an ráiteas is cóir dóibh céim amháin a thabhairt chun tosaigh. Mura síleann is cóir dóibh fanacht mar a bhfuil siad.

Mura bhfuil an seomra ranga fóirsteanach don ghníomhaíocht seo ba chóir duit é a dhéanamh i halla na scoile nó amuigh sa chlós. É sin nó thioctadh leat an Bhileog Oibre "Ollchéimeanna" a úsáid chun freagra gach carachtair ar na ráitis a thairfeadh.

- 3 Lean ort agus na ráitis á léamh agat go mothaíonn tú go bhfuil na saincheistanna uile ídithe agaibh.
- 4 Iarr ar na daltaí a gcarachtar a nochtadh agus, na ceisteanna seo a leanas in úsáid agat, cuir díospóireacht ranga ar bun:
 - a. Cé na carachtair is mó a bhog chun tosaigh? Cad chuige?
 - b. Cé na carachtair is lú a bhog? Cad chuige?

Agus an tuairisc ar an ghníomhaíocht seo á cur le chéile agat seans go dtiocfaidh sé chun solais go bhfuil cinní déanta ag na daltaí atá bunaithe ar aireachtálacha steiréitíopacha de na grúpaí atá á léiriú acu. Tá sé tábhachtach, mar sin, go gceisteofaí daltaí aonair ar na roghanna a rinne siad faoina gcarachtar. Bheadh sé ina chuidiú chomh maith comparáid a dhéanamh idir an dóigh ar fhreagair daltaí, a raibh an carachtar céanna á léiriú acu, ar an rólchárta acu.

- 5 Críochnaigh an díospóireacht trí ghrúpaí daoine a d'eisiafaí ag an tsochaí a liostú.

Conclúid

Mínigh do na daltaí go ndearna siad iniúchadh sa ghníomhaíocht seo ar na dálaí inar fágadh grúpaí áirithe daoine as an áireamh/eisiata nó ar caitheadh leo ar dhóigh dhifriúil. Mínigh dóibh go mbeidh siad san aonad seo ag iniúchadh dóigheanna áirithe a fhágfaidh gur áit chothrom í an tsochaí seo againne do gach duine.

Abair leis na daltaí go bhfanfaidh siad, i gcaitheamh an aonaid seo ar fad, i ról an charachtair a tugadh dóibh. Beidh ráitis á mbailiú acu a chuideoidh lena gcarachtar agus iad ar an bhóthar go dtí domhan is cothroime. Déanfar iad seo a thaifeadadh ar an "Phas Comhionannais" acu ar chóir dóibh iad a thabhairt go dtí an rang leo.

Ag an phointe seo tabhair pas do gach dalta agus iarr orthu an leathanach cúil a líonadh isteach agus an t-eolas atá ar fáil ar an rólchárta in úsáid acu. Ba chóir do na daltaí an pictiúr pas a ghearradh amach agus é a ghreamú isteach sa phas.

Ráitis faoi choinne "Ollchéimeanna"

- 1 Tá saol sóisialta ar dóigh agam. Bím amuigh i gcónaí
- 2 Tig liom dul isteach sa bhaile mhór ar iompar poiblí gan cuidiú ar bith
- 3 Agus mé sa bhaile mhór tig liom dul isteach i gcuid mhór siopaí go furasta
- 4 Imrím cuid mhór spórt gníomhach
- 5 Éirím cairdiúil le réimse leathan daoine go furasta
- 6 Tig liom bheith i mo chónaí in cibé cineál tí is mian liom
- 7 Tig liom dul go dtí an leabharlann áitiúil agus tairbhe a bhaint as
- 8 Tig liom an leithreas i bhfoirgnimh phoiblí a úsáid
- 9 Tig liom a bheith i mo mhúinteoir nó i m'oibrí óige
- 10 Tig liom dul isteach i dteach tábhairne nó i gclub ar bith agus teacht amach as
- 11 Tá an seans céanna le duine ar bith eile agam post maith nó ardú céime a fháil
- 12 Tig liom féin nó le mo chuid páistí freastal ar scoil ar bith is mian linn
- 13 Ní stopfadh na póilíní ar an tsráid mé gan cúis mhaith a bheith acu
- 14 Tá meas mór ar an chúlra agam i measc an phobail
- 15 Tig liom cuid mhór tacaíochta a fháil ón rialtas agus ó eagraíochtaí eile nuair a bhíonn gá agam leis

GNÍOMHAÍOCHT 5.2 - DEIR SIAD . . . DEIRIMSE . . .

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
- 5.2 Bolgáin Chainte

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí an chonclúid a bhí leis an ghníomhaíocht roimhe seo agus iarr orthu iad féin a chur in aithne, ina ról, don chuid eile den rang. Iarr ar na daltaí bheith ag machnamh ar a mbeadh le rá ag a gcarachtar maidir le cuid den taithí shuntasach a tháinig chun cinn sa ghníomhaíocht dheireanach.

Dul chun cinn

- 1 Agus greamachán gorm in úsáid agat, cuir na bolgáin chainte ar taispeáint ar bhalla an tseomra.
- 2 Iarr ar na daltaí dianmhachnamh a dhéanamh ar na bolgáin chainte agus rud éigin, dar leo, a déarfadh a gcarachtar a roghnú. Is féidir go mbeidh na bolgáin chainte fóirsteanach do níos mó ná carachtar amháin, mar shampla, d'fhéadfadh dalta a léiríonn duine den Lucht Siúil nó duine a bhfuil míchumas air/uirthi an bolgán cainte "Ní maith liom é nuair a bhíonn daoine ag stánadh orm . . ." a roghnú agus, mar sin, seans gur mhaith leat na bolgáin chainte atá ar taispeáint a chóipeáil.
- 3 Iarr ar na daltaí a mbolgán cainte a bhaint anuas den bhalla agus dul ar ais go dtí an suíochán.¹
- 4 Bíodh cúpla nóiméad ag na daltaí ansin ráiteas a dhéanamh, ina ról, a bheadh bunaithe ar an bhlogán cainte agus ina mbeadh breac-chuntas ar:
 - a. An taithí/na mothúcháin acu nuair a fágadh as an áireamh/eisiata iad nó nuair a caitheadh ar dhóigh dhifriúil leo.
 - b. An taithí b'fhearr leo.
- 5 Iarr ar an rang iad féin a eagrú in dhá chiorcal chomhlárnacha i lár an tseomra sa dóigh go mbeidh gach dalta ag amharc ar dhalta eile.
- 6 Abair leis na daltaí iad féin a chur in aithne, ina ról, agus na smaointe a bhí acu i gcéim a ceathair a roinnt ar a chéile.
- 7 I ndiaidh cúpla nóiméad abair leis an dá chiorcal a bheith ag rothlú i dtreonna urchomhaireacha sa dóigh go ndéanfar péirí nua de dhaltaí.
- 8 Déan céim 6 agus céim 7 arís agus arís eile le go mbeidh deis ag na daltaí a smaointe a roinnt le go leor carachtar.

¹Seans go mbeidh sé dóiligh do dhaltaí áirithe sampla a roghnú, msh "bean 26 bliain d'aois". Sa chás seo ba chóir dóibh bheith ag smaoinemh ar an fháth nach mbaillfeadh siad le leithcheal.

Conclúid

Iarr ar na daltaí 3 fhocal/nath a liostú le cur síos, i dtéarmaí ginearálta, ar an taithí uile a bhí ag na carachtair (msh rinneadh ceap magaidh de, caitheadh go dona le, níor tugadh deiseanna do), agus 3 fhocal/nath le cur síos ar an taithí ab fhearr leo (msh bhí meas ar, caitheadh mar an gcéanna le, tugadh na deiseanna céanna do). Agus na focail seo in úsáid agat, forbair sainmhínte oibre ar *neamhionannas* agus *chomhionannas*. Seans gur mhaith leat úsáid a bhaint as na téarmaí *steiréitíopa*, *claontacht*, *ciníochas*, *seicteachas* agus *leithcheal* chun téarmaíocht chuí do Bhliain 8 a athbhreithniú.

GNÍOMHAÍOCHT 5.3 - LEITHCHEAL Á FHREAGAIRT

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 5.3a Meaitseáil Cártaí Príomhthearmaí
 - 5.3b Cártaí Dearcaidh agus Cártaí Gnímh

Réamhrá

Bain úsáid as an mheaitseáil cártaí le hathbhreithniú a dhéanamh ar na príomhthearmaí steiréitíopa, claontacht, ciníochas, seicteachas agus leithcheal agus le téarmaí eile amhail aoiseachas agus gnéasachas a thabhairt isteach.

Dul chun cinn

- 1 Cuir an cárta "Dearcadh" ag taobh amháin den bhalla agus an cárta "Gníomh" ag an taobh eile.
- 2 Cuir an cárta *steiréitíopa* in airde agus iarr ar na daltaí cé acu dearcadh é seo a bhíonn ag daoine nó gníomh a bhíonn á dhéanamh ag daoine nó seans gur rud éigin idir eatarthu atá ann. I ndiaidh dóibh an cheist a phlé cuir an cárta ar an speictream.
- 3 Déan an rud céanna leis an chuid eile de na téarmaí².
- 4 Iarr ar na daltaí na bolgáin chainte a bhí acu sa ghníomhaíocht roimhe seo a chur ar an speictream agus cúiseanna a thabhairt leis na roghanna atá déanta acu.

Conclúid

Roghnaigh cuid de na bolgáin chainte agus iarr ar na daltaí moltaí a chur chun tosaigh le dúshlán an dearcadh nó an ghnímh a thabhairt. Mar shampla:

- maidir leis an bholgán cainte "Ní maith liom daoine bheith ag stánadh orm . . ."seans go molfadh na daltaí nár chóir do dhaoine a bheith ag stánadh ar dhaoine eile atá difriúil leo;
- maidir leis an bholgán "Ní thugtar deoch i mbeár dom cé go bhfuil mé os cionn 18" . . . seans go molfadh na daltaí gur chóir dlí a bheith ann lena chinntiú go mbeadh an fháil chéanna ag gach aon duine ar earraí agus sheirbhísí srl.

Ní maith liom daoine bheith ag stánadh orm . . .

Ba chóir go mbeadh dlí ann lena chinntiú go gcaitear mar an gcéanna le gach duine!

Níor chóir dúinn bheith ag stánadh ar dhaoine atá difriúil linn!

Ní thugtar deoch i mbeár dom cé go bhfuil mé os cionn 18 . . .

Bíonn seans anseo agat a chur i gcuimhne do na daltaí cad é an ról atá ag an duine aonair, ag an tsochaí³ agus ag an rialtas maidir leis na saincheisteanna seo a fhreagairt.

²B'féidir go mbeadh sé ina chuidiú dá bhféadfadh na daltaí na téarmaí a chur sa speictream ar an dóigh seo a leanas. Steiréitíopa agus claontacht faoi "Dearcadh"; ciníochas, seicteachas (gnéasachas, aoiseachas srl fiú) i lár an speictrím agus leithcheal faoi "Gníomhaíocht". Bheadh seo ina chuidiú do na daltaí bheith ag breathnú ar théarmaí dar chríoch 'chas' mar shainchineálacha de dhearcadh claontachta a mbíonn gníomhaíocht idirdhealaithe mar thoradh orthu.

³Is ionann sochaí anseo agus eagraíochtaí, grúpaí daoine srl amhail scoileanna, eaglaisí, grúpaí óige, eagraíochtaí neamhrialtasacha, na meáin chumarsáide, páirtithe polaitiúla, eagraíochtaí spóirt, gnóilachtaí srl.

GNÍOMHAÍOCHT 5.4 - GNÍOMHAÍOCHTAÍ DON CHOMHIONANNAS

Réamhrá

Cuir i gcuimhe do na daltaí go bhfuil an ról carachtair á imirt go fóill acu. (Seans gur mhaith leat tagairt a dhéanamh do “Phas Comhionannais” na ndaltaí agus an t-eolas a bhailigh siad faoina gcarachtar a chur i gcuimhne dóibh arís.) Mínigh do na daltaí go mbeidh ceangail á ndéanamh acu sa ghníomhaíocht seo le cuid eile de na carachtair atá á léiriú ag an rang.

Dul chun cinn

- 1 Iarr ar na daltaí, ina ról, an pas a thabhairt leo agus imeacht tríd an seomra agus sonraí a gcarachtair a chur i gcomparáid le carachtair daltaí eile.
- 2 Má shíleann siad go bhfuil ceangal éigin idir a gcarachtar agus carachtar dalta eile ba chóir dóibh nascadh leo msh bean 72 bliain d’aois agus fear 59 bliain d’aois, d’fhéadfadh siad nascadh le chéile cionn is gur daoine is sine iad.
- 3 Lig do na daltaí leanúint ar aghaidh agus mionsonraí an phas acu á gcur i gcomparáid le daltaí eile sa dóigh go mbeidh siad ábalta cnuasaigh bheaga a dhéanamh.
- 4 I ndiaidh do na daltaí dul isteach i gcnuasach amháin is féidir go dtiocfaidh siad ar chnuasach eile a bheadh fóirsteanach dóibh chomh maith. Ag an chéim seo bíodh cead acu aistriú ó ghrúpa amháin go grúpa eile más mian leo (msh d’fhéadfadh duine óg a bhfuil míchumas air/uirthi dul isteach i ngrúpa do dhaoine óga nó i ngrúpa do dhaoine a bhfuil míchumas orthu).
- 5 Nuair atá na cnuasaigh uile déanta iarr ar na daltaí suí síos sna cnuasaigh seo.
- 6 Mínigh do na daltaí go bhfuil eagraíochtaí sa tsochaí a bhíonn ag cuidiú le daoine a ndéantar leithcheal orthu. In amanna tugtar eagraíochtaí neamhrialtasacha (NGO) orthu seo. Iarr ar na daltaí a gcnuasach a úsáid le NGO a chruthú agus a dhéanfaidh iarracht cuid de na fadhbanna atá ag daoine sa ghrúpa seo a thabhairt chun suntais. Ba chóir go gcuirfeadh gach cnuasach ainm ar an NGO seo.
- 7 Ar bhileog pháipéir iarr ar gach grúpa babhta tobsmaointe a dhéanamh ar dhóigheanna a bhféadfaí comhionannas dá ngrúpa a chothú ag:
 - a. Daoine aonair
 - b. An tSochaí
 - c. An Rialtas

Iarr ar gach grúpa iad féin a chur in aithne don chuid eile den rang, an fáth a ndearna siad an cnuasach a mhíniú agus a dtorthaí a chur i láthair.

Conclúid

Agus an t-aiseolas in úsáid agat, rianaigh dóigheanna ginearálta a d’fhéadfaí a chur i bhfeidhm ag daoine aonair, ag an tsochaí agus ag an rialtas chun leithcheal a chosc.

Fiosrú is Mine

Maidir le saincheisteanna an chomhionannais ní théann na gníomhaíochtaí thuas go domhain sa scéal. Bheadh sé inmholta fiosrú is mine a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na saincheisteanna.

Agus an ghníomhaíocht roimhe seo ar bun agaibh seans go bhfuair tú amach gur mhaith leis na daltaí fiosrú is mine a dhéanamh ar shaincheist áirithe comhionannais. Tá go leor pacáistí acmhainne/suímh ghréasáin srl. ar fáil a d'éascódh fiosrú is mine ar an taithí atá ag sainghrúpaí de dhaoine aonair sa tsochaí againn msh.

- Míchumas
- Inscne
- Aois

Bheadh seans ann chomh maith dul siar ar chuid de dhúshláin na hilchineálachta a bhaineann le ceachtanna saoránachta bliain 8 msh

- An ciníochas
- An seiceatachas

trí eitneacht agus féiniúlacht reiligiúnach/pholaitiúil a iniúchadh i gcomhthéacs an chomhionannais.

Is féidir go mbeidh an teimpléad seo a leanas ina chuidiú chun sraith ceachtanna ar shaincheist áirithe a chur le chéile:

- Steiréitíopaí agus claontacht á bhfreagairt
- Neamhionannais á n-aithint
- Ag dul i ngleic le leithcheal
- Comhionannas á chothú (ról an duine aonair, na sochaí agus an rialtais)

Ba chóir go ndéanfaí na rudaí seo thíos a iniúchadh i ngach ceann de na saincheisteanna:

- An dóigh a léirítear saincheist an chomhionannais sna meáin chumarsáide
- Dlíthe ábhartha a bhfuil sé mar aidhm acu leithcheal a chosc
- NGOanna a théann ar fheachtas ar son saincheist comhionannais ar leith

Bheadh deis anseo agat na daltaí a spreagadh chun páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht éigin a bhaineann le saincheist ar leith (msh. d'fhéadfadh siad cuairt ó NGO a eagrú, eolas a fháil ar agus páirt a ghlacadh i bhfeachtais a bhaineann le saincheist, é a thabhairt chun suntais sa scoil/phobal áitiúil trí chruinnithe/phóstaí srl.).

In Aguisin 6 rianaítear laethanta, blianta, deiceanna bliana idirnáisiúnta srl. Bheadh sé seo ina chuidiú chun saincheisteanna ábhartha a roghnú le haghaidh fiosraithe is mine nó chun gníomhaíocht ar na saincheisteanna seo a bheartú.

GNÍOMHAÍOCHT 5.5 - COMHIONANNAS Á GHEALLADH?

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 3.3 Achoimre DUCD (féach Aonad 3)
 - 3.4b Achoimre CNACP (féach Aonad 3)

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí an chonclúid a bhí ann sa ghníomhaíocht roimhe seo: ról na NGOanna le comhionannas a chothú trí dhearcadh/ghníomhartha daoine aonair, na sochaí agus an rialtais a fhreagairt. Mínigh do na daltaí gur tugadh *gealltanais* ag mórchuid na *rialtas* go gcosnódh siad grúpaí de dhaoine aonair a n-imrítear neamhionannas orthu. Mínigh dóibh go ndearnadh na gealltanais seo tríd chomhaontuithe idirnáisiúnta a shíniú. Cuir i gcuimhne do na daltaí na gníomhaíochtaí a rinne siad i mbliain 8 nuair a d'fhiosraigh siad Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine (DUCD) agus Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste (CNACP).

Dul chun cinn

- 1 Tabhair cóip de DUCD agus CNACP do gach dalta. Iarr ar na daltaí, ina ról, na doiciméid seo a léamh agus ráitis ar bith, dar leo, a bhaineann lena gcarachtar a roghnú.
- 2 Iarr ar na daltaí na ráitis seo a chur ar an Phas Comhionannais acu, faoin cheannteideal "Cearta Daonna: *Gealltanais a thug mo rialtais dom . . .*"
- 3 Ba chóir go nochtfaidh gach dalta a ráitis agus go míneodh siad an dóigh a gcosnódh na cearta daonna seo a gcarachtar ar leithcheal. Arís anseo, agus an tuairisc ar an ghníomhaíocht seo á cur le chéile agat, bheadh sé ina chuidiú comparáid a dhéanamh ar an dóigh ar roghnaíodh na ráitis seo ag daltaí a bhfuil an carachtar céanna á léiriú acu.

Is féidir gur mó ráiteas ábhartha, ón DUCD agus ón CNACP, a bheidh ag daltaí áirithe faoina "gcarachtar". Bheadh deis mhaith anseo agat tagairt a dhéanamh do choinbhinsiúin idirnáisiúnta eile um chearta daonna a bhfuil baint acu le cothú an chomhionannais (féach Aguisín 5).

Conclúid

Mínigh do na daltaí go bhfuil liosta de chearta daonna áirithe sa Phas Comhionannais anois acu agus *gur chóir* go gcuideodh siad seo lena gcarachtair ar "bhóthar an chomhionannais" dóibh. Ach, an bhfuil na gealltanais a rinne na rialtais á gcomhlíonadh?

GNÍOMHAÍOCHT 5.6 COMHIONANNAS - THUAS SEAL, THÍOS SEAL!

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 5.6 "Clár Nathracha agus Dréimírí" - Treoracha don Chluiche

Beidh díse agus cnaipí de dhíth ort chomh maith.

Réamhrá

Téigh siar ar an cheacht roimhe agus mínigh do na daltaí go dtuigfidh siad ón cheacht seo cad iad na dóigheanna a bhíonn ag rialtais chun na gealltanais atá tugtha acu a chomhlíonadh: a bheith ag caitheamh le daoine ar bhonn cothrom agus chun na deiseanna céanna sa saol a chur ar fáil dóibh.

Dul chun cinn

- 1 Cuir na daltaí i ngrúpaí beaga de thriúr nó cheathrar agus tabhair cóip den chluiche "Nathracha agus Dréimírí" mar aon leis na treoracha do gach grúpa. Beidh díse de dhíth ar gach grúpa agus cnaipe ar gach dalta.
- 2 Bíodh idir cúig nóiméad déag agus fiche nóiméad ag na daltaí leis an chluiche a imirt.
- 3 Iarr ar gach grúpa liosta a dhéanamh de shamplaí ón chluiche ina bhfuil "Gealltanais á gComhlíonadh" ag an rialtas. Bailigh aiseolas ó gach grúpa agus taifead a dtorthaí ar an chlár/smeach-chairt.
- 4 Iarr ar gach dalta samplaí a roghnú ón liosta seo a bhaineann lena gcarachtar agus iad a chur sa chéad leathanach eile sa "Phas Comhionannais" acu faoin cheannteideal "Dlí an Chomhionannais: na gealltanais atá á gcomhlíonadh ag an rialtas agus an tír agam . . ."
- 5 Iarr ar gach grúpa bheith ag machnamh ar an chluiche nathracha agus dréimírí agus roinnt samplaí de "ghealltanais is fearr is féidir a chomhlíonadh" a mholadh. Bailigh aiseolas ó gach grúpa agus taifead torthaí ar an chlár/smeach-chairt. Úsáid na ceisteanna seo a leanas leis an liosta seo a phlé:
 - a. Cad é is féidir leis an rialtas a dhéanamh le gur fearr a chomhlíontar na gealltanais seo?
 - b. Cé acu deacair nó furasta atá sé don rialtas é seo a dhéanamh?
 - c. Cad chuige a mbeadh sé deacair do rialtais na gealltanais uile atá tugtha acu a chomhlíonadh?
 - d. An é "dlíthe a reachtú" an t-aon dóigh amháin/an dóigh is fearr lena chinntiú go gcosnaítear na cearta daonna atá ag grúpaí daoine?
 - e. Cad é is féidir le daoine aonair agus leis an tsochaí a dhéanamh chun "cultúr de chearta daonna agus chomhionannas" a chothú?

Conclúid

Mínigh do na daltaí gur chóir go mbeadh roinnt samplaí de chearta daonna (ó dhoiciméid idirnáisiúnta) ina bPas Comhionannais mar aon le roinnt de na dlíthe i dTuaisceart Éireann a d'fhéadfadh a bheith ina gcuidiú dá gcarachtair agus iad ar "bhóthar an chomhionannais".

GNÍOMHAÍOCHT 5.7 - BÓTHAR AN CHOMHIONANNAIS?

Áiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - 5.7a Banc Focal
 - 5.7b Teimpléad mála taistil

Réamhrá

Abair leis na daltaí dul siar ar a bPas Comhionannais chun an t-eolas ar a gcarachtar a thabhairt chun cuimhne. Mínigh do na daltaí go mbeidh siad, ina ról, ag tosú amach ar bhóthar samhlaíochta chun an “chomhionannais”. Tá an pas acu cheana féin a gheallann cearta daonna agus cosaint ar leithcheal dóibh. Ach an bhfuil rud ar bith ann a chuirfeadh moill ar a gcarachtair agus iad ar an bhóthar chun an chomhionannais? Mínigh do na daltaí go dtabharfar eolas breise dóibh ar chás a gcarachtair sula dtosaíonn siad amach ar an bhóthar seo.

Dul chun cinn

- 1 Iarr ar na daltaí, ina ról, a bPas a fháil, cárta a roghnú as an bhanc focal agus é a chur leis an phas. Bainfidh na focail seo le dálaí éagsúla a chuirfeadh le neamhionannas, msh. dífhostaithe, gan dídean, gan a bheith ábalta léamh ná scríobh srl.⁴
- 2 Iarr ar na daltaí dul siar chuig a bPas agus machnamh is doimhne a dhéanamh ar na dálaí ina bhfuil a gcarachtair anois.
- 3 Spreag na daltaí chun mionsonraí a bPas a chur i gcomparáid le daltaí eile agus chun plé gairid a dhéanamh ar dhálaí a chéile. Iarr ar na daltaí bheith ag machnamh ar an dóigh nach mbeadh an carachtar ábalta ceann scríbe an “chomhionannais” a bhaint amach mar gheall ar na dálaí seo (msh Cén dóigh a gcoiscfí lánpháirt sa tsochaí orthu ag na dálaí seo? Cén dóigh a gcoiscfí comhdheiseanna le daoine eile orthu ag na dálaí seo?)
- 4 Tabhair teimpléad mála taistil do gach dalta.
- 5 Agus na daltaí i ngrúpaí iarr orthu liosta a dhéanamh de na rudaí, dar leo, ar gá dóibh iad a thabhairt sa “mhála taistil” ar an bhóthar seo agus a bheadh ina gcuidiú acu comhionannas ina iomláine a bhaint amach (msh caighdeán maith maireachtála agus go leor airgid srl).
- 6 Déanann na daltaí na smaointe seo a thairgeadh tríd a bhfuil thuas a scríobh nó a tharraingt ar a “mála taistil”.

⁴Is féidir go mbeidh ar dhaltaí an roghnú acu a athrú mura bhfuil sé fóirsteanach dá gcarachtar msh má roghnaíonn duine óg an focal “dífhostaithe” ba chóir dóibh nath a athroghnú msh “gan a bheith ábalta léamh nó scríobh” srl.

Conclúid

Iarr ar gach grúpa tuairisc a thabhairt don chuid eile den rang faoina bhfuil sa mhála taistil acu. Cuir i gcuimhne do na daltaí gur fhiosraigh siad sa tsraith ceachtanna roimhe seo na bealaí a thógtar lena chinntiú go mbíonn na deiseanna céanna ag daoine a bhaineann le grúpaí difriúla sa tsochaí. Mínigh dóibh go mbeidh siad ag fiosrú sa chéad sraith eile de cheachtanna cad é mar a mhothaíonn daoine ar fágadh as an áireamh/eisiata iad i ngeall ar na dálaí ina raibh siad. Mínigh dóibh gur “ceartas sóisialta” a thugtar, in amanna, ar na bealaí a thógtar chun cuidiú leis na daoine seo na dálaí ina bhfuil siad a sharú.

AONAD 6: CEARTAS SÓISIALTA Á INIÚCHADH

LÉARSCÁIL CHOINCHEAP

<i>Bunchoincheapa</i>	<i>Forbairt Choincheap</i>	<i>Bunghníomhaíochtaí</i>
Cad iad neamhionannais dhomhanda?	Eisiamh i ngeall ar chúrsaí ábhartha	6.1 "Dá mbeadh £100 sa domhan . . ."
Cad is bochtaineacht ann?	Dearbh-bhochtaineacht Bhochtaineacht choibhneasta Fáil ar chúram sláinte, dhídean, oideachas agus fhostaíocht mar tháscairí ar bhochtaineacht	6.2 <i>Bochtaineacht á samhlú</i> 6.3 <i>Bochtaineacht á hiniúchadh</i>
Cén dóigh ar féidir linn ceartas sóisialta a chothú ar bhonn domhanda?	Ról: An Duine Aonair Na Sochaí An Rialtais	6.4 Gníomhartha don Cheartas Shóisialta* <i>Fiosrú is Mine</i>
Cad is bochtaineacht choibhneasta ann?	Táscairí na bochtaineachta i dTuaisceart Éireann	6.5 An Bhochtaineacht i mBéal Dorais? 6.6 An Bhochtaineacht: Cearta agus Éigearta <i>Fiosrú is Mine</i>
Cén dóigh ar féidir linn ceartas sóisialta a chothú i dTuaisceart Éireann?	Ról: An Duine Aonair Na Sochaí An Rialtais ¹	6.7 Cad is féidir linne a dhéanamh? 6.8 Ceartas Sóisialta á Bhaint Amach?*
Cén dóigh a gcruthófar domhan idéalach ag luachanna an chomhionannais agus an cheartais shóisialta?		6.9 Fill ar an Domhan Idéalach*

N.B.: Sula dtugann sibh aghaidh ar na gníomhaíochtaí seo seans gur mhaith leat Aguisín 7 a léamh le heolas ar Cheartas Sóisialta a fháil.

¹Is pointe fóirsteanach é seo i bhforbairt smaointe an dalta ar Chearta Daonna chun Bille na gCeart atá molta do Thuaisceart Éireann a iniúchadh. D'fhéadfaidís, go háirithe, fiosrú a dhéanamh ar na sainfhorálacha faoi choinne ceart socheacnamaíoch i mBille na gCeart. Tá áis forbartha ag Coimisiún Chearta Daonna Thuaisceart Éireann chun cuidiú le daltaí na saincheisteanna seo a fhiosrú.

GNÍOMHAÍOCHT 6.1 - "DÁ MBEADH £100 SA DOMHAN..."

Áiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - 6.1 "Dá mbeadh £100 le roinnt ag an domhan . . ." bileog cheisteanna
 - 2.4 "Dá mbeadh 100 duine sa domhan . . ." (Féach Aonad 2)

Réamhrá

Cuir an ceacht roimhe i gcuimhne do na daltaí agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag fiosrú san aonad seo cad é mar a mhothaíonn daoine ar fágadh as an áireamh iad nó atá eisiata sa tsochaí i ngeall ar na dálaí ina raibh siad. Cuir an cheist seo a leanas: "An dóigh leat go bhfuil na deiseanna céanna sa saol ag gach duine ar domhan?"

Dul chun cinn

- 1 Roinn na daltaí ina ngrúpaí de thriúr nó cheathrar agus tabhair an bhileog cheisteanna "*Dá mbeadh £100 le roinnt ag an domhan*" do gach grúpa. Iarr ar na daltaí gach ceist a phlé agus freagra an ghrúpa a thabhairt ansin. Tabhair tréimhse áirithe ama dóibh leis an cheacht seo a dhéanamh.
- 2 Agus na ceisteanna freagartha ag na grúpaí, iarr orthu na freagraí a roinnt leis an chuid eile den rang. Bíodh cead ag na grúpaí cur in éadán freagraí mura n-aontaíonn siad leo.
- 3 Tabhair na freagraí don rang (féach Freagraí ar Ghníomhaíochtaí).
- 4 Bain úsáid as na ceisteanna seo a leanas le díospóireacht a spreagadh:
 - Cad iad na freagraí nach raibh siad ag súil leo?
 - Cén áit ar domhan lena raibh siad ag súil go mbeadh an chuid is mó den £100 inti?
 - Cén áit ar domhan lena raibh siad ag súil go mbeadh an chuid is lú inti?
 - Cad chuige a síleann siad gur mar seo atá se?
- 5 Cuir i gcuimhne do na daltaí na freagraí a bhí ann i mbliain 8 ar thráth na gceist "*Dá mbeadh 100 duine sa domhan*" agus iarr orthu méid gach grúpa a chur i gcomparáid leis an méid de shaibhreas an domhain atá acu. (Mar cheacht breise d'fhéadfadh na daltaí an méid airgid atá ag gach duine i ngach cuid den domhan a ríomh.)
- 6 Úsáid na ceisteanna seo a leanas le díospóireacht a chur ar bun
 - Cad é a chuireann iontas ort?
 - An síleann tú go bhfuil sé seo cothrom?
 - Cad chuige a síleann tú gur mar seo atá se?

Conclúid

Tóg na fíricí ó na bileoga oibre le chéile le béim a chur ar an phointe go bhfuil *neamhionannais dhomhanda* ann. Mínigh do na daltaí nach bhfuil roinnt cothrom ar shaibhreas an domhain agus gur lú de atá ag tíortha áirithe, tíortha bochta. Ach cad is "bochtaineacht" ann i ndáiríre? Mínigh do na daltaí go mbeidh sé seo á iniúchadh acu sna chéad cheachtanna eile.

GNÍOMHAÍOCHT 6.2 - AN BHOCHTAINÉACHT Á SAMHLÚ

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
- 6.2 Sraith grianghraf

Réamhrá

Cuir an ceacht roimhe i gcuimhne do na daltaí agus mínigh dóibh go mbeidh imscrúdú á dhéanamh acu sa ghníomhaíocht seo ar roinnt grianghraf a léiríonn na dálaí faoina bhfuil daoine ag maireachtáil ar fud an domhain.

Dul chun cinn

- 1 Tabhair grianghraf do gach dalta.
- 2 Cuir na focail “saibhreas” agus “bochtaineacht” ar gach taobh de bhalla/urlár/chlós le speictream a dhéanamh:

SAIBHREAS.....BOCHTAINÉACHT
- 3 Iarr ar na daltaí a ngrianghraf a chur áit éigin fhóirsteanach ar an speictream seo agus a mhíniú/a phlé cad chuige ar fhág siad na grianghraif sna háiteanna seo
- 4 Tig leat príomhtháscairí na bochtaineachta a dhéanamh amach ón phlé seo. Mar shampla:
 - Cuir an “baile seantáin” i gcomparáid leis an bhothán agus an teachín ar an speictream lena dhéanamh amach gur táscaire bochtaineachta é fáil ar theach nó dhídean.
 - Cuir na grianghraif éagsúla a bhaineann le cúrsaí sláinte i gcomparáid lena chéile lena dhéanamh amach gur táscaire bochtaineachta é fáil ar chúram maith sláinte.
 - Cuir na scoileanna i gcomparáid lena chéile lena dhéanamh amach gur táscaire bochtaineachta é fáil ar oideachas.
 - Cuir na daoine a bhfuil obair á lorg acu i gcomparáid lena chéile lena dhéanamh amach gur táscaire bochtaineachta é fáil ar fhostaíocht.
- 5 Úsáid na fíricí agus na figiúirí in Aguisín 8 chun cuid de na réamhthuirimí a bheadh ag na daltaí a fhreagairt. Fiafraigh de na daltaí an athródh siad an áit a bhfuil na grianghraif mar gheall orthu seo. Athraigh na grianghraif dá réir.
- 6 Fiafraigh de na daltaí cá háit a gcuirfeadh siad líne scartha, áit éigin ar an speictream, lena thaispeáint go bhfuil na daoine ar an taobh deas den líne ag maireachtáil faoi bhochtaineacht. Seans nach mbeidh comhaontú iomlán ann faoin áit ar chóir an líne seo a chur. Ba chóir é seo a spreagadh! Mínigh do na daltaí go bhfuil sé doiligh “líne na bochtaineachta” a tharraingt.
- 7 Bain úsáid as an díospóireacht lena mhíniú go bhfuil difear idir dearbh-bhochtaineacht agus bochtaineacht choibhneasta (féach Aguisín 7). Iarr ar na daltaí samplaí den dá cheann acu a thabhairt ó na grianghraif a bhí á n-imscrúdú acu.

Conclúid

Críochnaigh an ceacht leis na pointí seo a leanas:

- Is mó ná bia/airgead atá i gceist le bochtaineacht
- Tá tosca eile ann a *chuireann* bochtaineacht *in iúl* msh dídean, cúram sláinte, oideachas agus fostaíocht
- Is é atá i gceist le Ceartas Sóisialta ná aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna seo agus é a chinntiú go bhfuil daoine ag maireachtáil faoi dhálaí measartha cothrom

GNÍOMHAÍOCHT 6.3 - BOCHTAINEACHT Á hINIÚCHADH

Áiseanna atá de dhíth

- Áiseanna dalta
 - 6.3 Rólchártaí Tíre
 - 6.3b Imscrúdaitheoir de chuid na Náisiún Aontaithe
 - 3.3 Achoimre DUCD (féach Aonad 3)
 - 3.4b Achoimre CNACP (féach Aonad 3)

Réamhrá

Cuir an ceacht roimhe i gcuimhne do na daltaí, go háirithe príomhtháscairí na bochtaineachta (dídean, cúram sláinte, oideachas agus fostaíocht). Fiafraigh de na daltaí “An bhfuil na rudaí seo mar cheart ag daoine?”

Dul chun cinn

- 1 Tabhair cóip de DUCD agus CNACP do gach dalta agus iarr orthu aon ráiteas ar chearta daonna a bhaineann le ceithre tháscaire na bochtaineachta nó leis na dálaí ar chóir do dhaoine a bheith ag maireachtáil fúthu a ghearradh amach.
- 2 Iarr ar na daltaí na roghanna acu a mhíniú agus na ráitis a chur lena bpas.
- 3 Cuir in iúl dóibh go bhfuil ról ag na Náisiúin Aontaithe (NA) na cearta daonna seo a chosaint agus a chothú ar fud an domhain. Ciallaíonn sé seo in amanna go dtéann imscrúdaitheoirí de chuid na NA isteach i dtíortha lena fháil amach cad iad na dálaí maireachtála atá ag na daoine agus le tuairisc a thabhairt orthu. Mínigh do na daltaí go ndéanfaidh siad insamhlú sa ghníomhaíocht seo ar an obair atá ar bun ag na NA.
- 4 Roinn na daltaí ina ngrúpaí de sheisear. Mínigh dóibh go mbeidh tír dhifriúil á léiriú ag gach grúpa. Tabhair róil dóibh trí na cártaí seo a leanas a thabhairt amach:
 - Imscrúdaitheoir de chuid na NA
 - An tAire Sláinte
 - An tAire Oideachais
 - An tAire Fostaíochta
 - An tAire Cultúir
 - An tAire Tithíochta

- 5 Iarr ar na daltaí roinnt ama a thabhairt do léamh a rólchártaí. Mínigh dóibh go gcuirfidh imscrúdaitheoir na NA ceisteanna orthu agus gur chóir dóibh iad a fhreagairt ina ról agus a gcuid nótaí mar chuidiú acu.
- 6 Tabhair go leor ama don rólímirt lena chinntiú go mbeidh go leor eolais bailithe ag imscrúdaitheoir na NA.
- 7 Iarr ar imscrúdaitheoir na NA i ngach grúpa labhairt leis an rang faoina dtorthaí agus an proforma ar an rólchárta in úsáid acu.

Conclúid

Úsáid na torthaí le ceithre phríomhtháscaire na bochtaineachta a threisiú agus lena léiriú go bhfuil sé mar bhuncheart daonna go mbeadh fáil ag gach duine sa domhan seo ar dhídean, chúram sláinte, oideachas agus fhostaíocht.

Tá se tábhachtach chomh maith go léireofaí an *saibhreas cultúrtha* atá in go leor tíortha a bhfuil cáil “na bochtaineachta” orthu. Mínigh do na daltaí nach bhfuil *daoine* bocht, bíodh is go bhfuil siad ag maireachtáil faoi bhochtaineacht.

Ceacht breise

Seans gur mhaith leis na daltaí roinnt ama a thabhairt do thionscadal taighde is mine ar an tír a tugadh dóibh. Bheadh léiriúchán ranga/scoile mar thoradh air seo.

GNÍOMHAÍOCHT 6.4 - GNÍOMHARTHA DO CHEARTAS SÓISIALTA

Réamhrá

Cuir an ceacht roimhe i gcumhne do na daltaí agus fiafraigh díobh cad é a thig linne a dhéanamh mar shaoránaigh de chuid an domhain chun dálaí maireachtála daoine a fheabhsú agus chun ceartas sóisialta a chothú ar fud na cruinne.

Dul chun cinn

- 1 Iarr ar na daltaí bheith ag obair sna grúpaí céanna a bhí ann sa cheacht roimhe, an tír chéanna á léiriú acu.
- 2 Iarr ar gach grúpa babhta tobsmaointe/taighde a dhéanamh ar na bealaí a bhfeádfaí an bhochtaineacht ina dtír a fhreagairt agus a bhfeádfaí ceartas sóisialta a chothú sa domhan. Úsáid na ceisteanna seo a leanas le smaointe a spreagadh:
 - Cad é a thig linn a dhéanamh mar dhaoine aonair i dTuaisceart Éireann chun ceartas sóisialta a chothú sa tír seo?
 - Cad é a thig leis an tsochaí againne, NGOanna agus cuiditheoirí eile ina measc, a dhéanamh?
 - Cad é a thig leis an rialtas againne, rialtas na tíre agus rialtais ag comhoibriú le chéile, na NA mar shampla, a dhéanamh?

Conclúid

Thiocfadh le gach grúpa a gcuid smaointe a chur i láthair trí phóstaer, bhileog, fheachtas, thaighde, léiriúchán, dhráma, fhíseán, chomhthionól srl.

Fiosrú is Mine

Ní dheachaigh na gníomhaíochtaí thuas ró-dhomhain isteach sa scéal maidir le saincheisteanna an cheartais shóisialta ar bhonn domhanda. Bheadh sé inmholta fiosrú is mine a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na saincheisteanna.

Agus an ghníomhaíocht roimhe seo ar bun agaibh seans go bhfuair tú amach gur mhaith leis na daltaí fiosrú is mine a dhéanamh ar shaincheist an cheartais shóisialta ar bhonn domhanda. Tá go leor pacáistí gréasáin /taighde srl. ar fáil a d'éascódh fiosrú is mine.

Ba chóir taighde a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cén dóigh ar féidir "oideachas do chách" a chur ar fáil i dtíortha i mbéal forbartha?
- An ionann i gcónaí iad "fostú páistí" agus "dúshaothrú páistí"?
- Cad chuige a bhfuil teifigh ann sa domhan seo againne?
- Cad é an tionchar a bhíonn ag coimhlínt ar bhochtaineacht?
- Cad iad na cúiseanna atá le SEIF/VEID i dtíortha i mbéal forbartha agus cad iad na torthaí atá orthu?
- Cén dóigh a mbíonn forais idirnáisiúnta amhail na Náisiúin Aontaithe agus forais ghaolmhara, UNICEF mar shampla, ag saothrú le haghaidh ceartais shóisialta?
- Cén dóigh a mbíonn NGOanna daonnúla idirnáisiúnta agus NGOanna forbartha ag saothrú le haghaidh ceartais shóisialta? Mar shampla

- Oxfam
- Trócaire
- Concern
- Save the Children
- Christian Aid
- Action Aid
- Coiste Idirnáisiúnta na Croise Deirge srl.

Mar gheall ar na saincheisteanna seo bheadh deis ag na daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht éigin nó i bhfeachtais/gcomórtais éagsúla srl.

N.B.: Ba chóir an obair seo a dhéanamh i gcomhthéacs na gCeart Daonna agus na Freagrachta Sóisialta. Ba chóir duit a chinntiú chomh maith nach bhfuil sibh ag plé le saincheisteanna ar fóirsteánaí a gcaitear leo áit eile sa churaclam msh bia/gorta, uisce glan, trádáil chothrom, forbairt inbhuanaithe srl. Beidh gá le planáil thraschuraclaim anseo.

GNÍOMHAÍOCHT 6.5 - AN BHOCHTAINEACHT I mBÉAL DORAIS

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 6.5a Cártaí Fíricí na Bochtaineachta
 - 6.5b Teimpléad Léarscáile Thuaisceart Éireann

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí rólímir na NA a raibh páirt acu ann agus iarr orthu bheith ag machnamh ar an cheist “Cad é mar a bheadh an scéal i dTuaisceart Éireann dá dtiocfadh na NA isteach le dálaí maireachtála na ndaoine a fhiosrú?”

Dul chun cinn

- 1 Tabhair ráiteas amháin de Chártaí Fíricí na Bochtaineachta do gach dalta. Ar gach cárta luaitear fíric a chuireann síos ar an fháil atá ann ar chúram sláinte, oideachas, fhostaíocht agus dhídean i dTuaisceart Éireann.
- 2 Iarr ar gach dalta an cárta acu a léamh go cúramach agus bheith cinnte go dtuigeann siad é.
- 3 Míneadh do na daltaí go mbeidh an fhíric ar an chárta á teagasc acu d'oiread daltaí sa rang agus is féidir. Ba chóir dóibh bheith ag machnamh ar shamplaí a éascóidh an tasc seo.
- 4 Iarr ar na daltaí bheith ag bogadh thart sa seomra agus an fhíric á teagasc acu do dháltaí eile. Is féidir go ndéanfaidh daltaí a bhfíric a cheangal le fíric daltaí eile. Ba chóir duit é seo agus aon phlé a éiríonn as a spreagadh.
- 5 Bíodh am ag na daltaí go leor fíricí eile a fhoghlaim. I ndiaidh do na daltaí filleadh ar na suíocháin iarr orthu labhairt ar na fíricí a chuala siad. Taifead iad seo ar an chlár. Déan na fíricí a cheangal le chéile le teacht ar phríomhtháscairí na bochtaineachta atá luaite i gcéim 1.
- 6 Úsáid na ceisteanna seo a leanas le díospóireacht ranga a spreagadh:
 - An raibh rud ar bith ann ar ábhar iontais dóibh é?
 - Ar fhoghlaim siad rud ar bith nua?
 - Cad é mar a dhéanann Tuaisceart Éireann, dar leo, i dtéarmaí fáil ar dhídean, chúram sláinte, oideachas agus fhostaíocht?

Conclúid

Tabhair teimpléad léarscáile Thuaisceart Éireann do gach dalta. Iarr orthu cuid de na fíricí a chuala siad sa ghníomhaíocht seo a roghnú agus iad a thaifeadadh ar an chuid is cuí sa léarscáil (.i. faoi dhídean, chúram sláinte, oideachas agus fhostaíocht). Tig leo fíricí ginearálta a thaifeadadh sa lár.

GNÍOMHAÍOCHT 6.6 - AN BHOCHTAINÉACHT: NA CEARTA AGUS NA hÉIGEARTA?

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 6.5b Teimpléad Learscaíle Thuaisceart Éireann

Réamhrá

Agus na léarscaíleanna a chomhlánaigh na daltaí sa cheacht roimhe in úsáid agat, cuir fáil ar dhídean, chúram sláinte, oideachas agus fhostaíocht idThuaisceart Éireann i gcuimhne dóibh.

Cuir an téarma “bochtaineacht choibhneasta” ó Ghníomhaíocht 6.2 i gcuimhne do na daltaí.

Mínigh dóibh go mbeidh fiosrú is mine ar bhochtaineacht choibhneasta i dThuaisceart Éireann á

dhéanamh acu sa ghníomhaíocht seo. Iarrfar orthu chomh maith bheith ag machnamh má tá

dearbhcheart/láncheart ag gach duine i dThuaisceart Éireann ar fhostaíocht, dhídean, chúram sláinte agus oideachas.

Dul chun cinn

- 1 Cuir an lipéad “Aontaím go Láidir” ar thaobh amháin den seomra agus an lipéad “Easaontaím go Láidir” ar an taobh eile.
- 2 Léigh amach an chéad ráiteas don díospóireacht siúil (féach thíos) agus iarr ar na daltaí freagairt air trí sheasamh san áit ar an speictream a léiríonn an bharúil acu.
- 3 Bíodh deis ag na daltaí labhairt ar an chúis ar roghnaigh siad an áit acu agus le bheith ag éisteacht le barúlacha daltaí eile. Bíodh cead acu an áit a athrú de réir mar a bhíonn siad ag éisteacht leis na daoine eile.
- 4 Lean ar aghaidh leis an díospóireacht siúil ag úsáid na bpríomhráiteas eile de réir mar is cuí. Seans gur mhaith leat na focheisteanna a úsáid lena thuilleadh díospóireachta a spreagadh.

Conclúid

Tabhair cóip eile de theimpléad learscaíle Thuaisceart Éireann do na daltaí agus iarr orthu a dtuairimí ar an cheart atá ag daoine ar dhídean, chúram sláinte, oideachas agus fhostaíocht i dThuaisceart Éireann a thaifeadh faoi na ceannteidil is cuí.

RÁITIS EISEAMLÁRACHA DON DÍOSPÓIREACTH SIÚIL

- 1 Níl aon bhochtaineacht i dTuaisceart Éireann
Spreag na daltaí chun na fíricí a d'fhoghlaim siad sa cheacht roimhe a úsáid leis na tuairimí acu a mhíniú.
- 2 Is sna cathracha amháin atá bochtaineacht i dTuaisceart Éireann
Spreag na daltaí chun na fíricí a d'fhoghlaim siad sa cheacht roimhe a úsáid leis na tuairimí acu a mhíniú.
- 3 Tá sé de cheart ag gach duine obair a bheith acu
An bhfuil gach duine ábalta obair? An bhfuil sé de cheart ag daoine gan bheith ag obair? Cad é a chiallaíonn "obair"? An bhfuil obair dheonach i gceist? An bhfuil sé de cheart ag daoine a bhfuil teist choiriúil acu bheith ag obair? srl
- 4 Tá sé de cheart ag gach duine dídean a bheith acu
Cad é a chiallaíonn dídean? Ar cheart go mbeadh a dteach féin ag gach duine? Ar cheart go gcuirfeadh an rialtas tithíocht ar fáil do dhaoine a thit amach lena muintir? Cad é faoi na daoine sin a shíleann gur cuireadh amach as a dtithe iad i ngeall ar imeaglú? Cad é faoi lucht iarrtha tearmainn? Cad é faoi chiontóirí óga? srl
- 5 Tá sé de cheart ag daoine oideachas a fháil
Cad is caighdeán maith oideachais ann? Cad é faoi dhaltaí toirmeascacha, an bhfuil sé de cheart acusan oideachas a fháil? Cad é faoi na daltaí a dhiúltaíonn dul ar scoil? An bhfuil fáil ag ciontóirí óga ar oideachas maith? An bhfuil fáil ag máthair gan chéile sna déaga ar oideachas? Ar cheart go mbeadh gnéasoideachas ar fáil do gach duine? Oideachas reiligiúnach? Ar cheart go mbeadh oideachas ar fáil do dhaoine ina dteanga féin? An bhfuil sé de cheart ag daoine i dTuaisceart Éireann an cineál scoile is mian leo a roghnú dá gcuid páistí? srl
- 6 Tá ceart ar chúram sláinte ag gach duine
Abair nach dtugann tú cúram ceart duit féin d'aonghnó nó go ngortaíonn tú thú féin. Má tá acmhainní ospidéal teoranta, ar cheart go bhfaigheadh duine óg tosaíocht ar dhuine is sine? Ciontóirí óga a raibh baint acu le coireanna cairr, ar cheart go bhfaighidís cúram maith sláinte? Ar cheart go bhfaigheadh lucht caite tobac/tógála drugaí? srl
- 7 D'fhag an choimhlint i dTuaisceart Éireann gur boichte atá limistéir áirithe ná limistéir eile.
Spreag na daltaí chun na fíricí a d'fhoghlaim siad sa cheacht roimhe a úsáid leis na tuairimí acu a mhíniú.
- 8 Caitheann an rialtas barraíocht airgid ar rudaí eile seachas ar shláinte/oideachas/ fhostaíocht/dhídean.
Spreag na daltaí chun na fíricí a d'fhoghlaim siad sa cheacht roimhe a úsáid lena dtuairimí a mhíniú.

Fiosrú is Mine

Ní dheachaigh na gníomhaíochtaí thuas ró-dhomhain isteach sa scéal maidir le saincheisteanna an cheartais shóisialta i dTuaisceart Éireann. Bheadh sé inmholta fiosrú is mine a dhéanamh ar cheann amháin nó níos mó de na saincheisteanna agus ár n-aire a dhíriú ar an dóigh ar féidir linn na saincheisteanna seo a fhreagairt.

Agus an ghníomhaíocht roimhe seo ar bun agaibh seans go bhfuair tú amach gur mhaith leis na daltaí fiosrú is mine a dhéanamh ar shaincheist an cheartais shóisialta ar bhonn áitiúil. Tá go leor pacáistí gréasáin /taighde srl. ar fáil a d'éascódh fiosrú is mine.

Ba chóir iniúchadh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas:

- Cad iad na cúiseanna le heaspa dídine i dTuaisceart Éireann agus cad iad na hiarmhairtí?
- Cad é a tharlaíonn nuair a thagann lucht iarrtha tearmainn go Tuaisceart Éireann?
- Cad iad na cúiseanna le bochtaineacht i measc an lucht siúil agus cad iad na hiarmhairtí?
- Cad é ba chóir a bheith i mBille na gCeart do Thuaisceart Éireann maidir le saincheisteanna an cheartais shóisialta?
- Cad é mar a théann bochtaineacht i bhfeidhm ar pháistí i dTuaisceart Éireann?

Mar gheall ar na saincheisteanna seo bheadh deis ag na daltaí páirt a ghlacadh i ngníomhaíocht éigin nó i bhfeachtais/gcomórtais éagsúla srl.

N.B.: Ba chóir an obair seo a dhéanamh i gcomhthéacs na gCeart Daonna agus na Freagrachta Sóisialta.

GNÍOMHAÍOCHT 6.7 - CAD É A THIG LINNE A DHÉANAMH?

Réamhrá

Cuir an ceacht roimhe i gcuimhne do na daltaí agus iarr orthu machnamh ar ar féidir linne a dhéanamh chun dálaí maireachtála daoine a fheabhsú agus chun ceartas sóisialta a chothú i dTuaisceart Éireann.

Dul chun cinn

Cuir na daltaí i ngrúpaí de chúigear agus iarr ar gach grúpa babhta tobsmaointe/taighde a dhéanamh ar na bealaí a bhféadfaí an bhochtaineacht i dTuaisceart Éireann a fhreagairt agus a bhféadfaí ceartas sóisialta a chothú. Úsáid na ceisteanna seo a leanas le smaointe a spreagadh:

- Cad é a thig linn a dhéanamh mar dhaoine aonair i dTuaisceart Éireann chun ceartas sóisialta a chothú?
- Cad é a thig leis an tsochaí againne, NGOanna agus cuiditheoirí eile ina measc, a dhéanamh?
- Cad é a thig leis an rialtas againne a dhéanamh?

Conclúid

D'fhéadfadh gach grúpa a smaointe a chur i láthair mar thuairisc nuachta.

GNÍOMHAÍOCHT 6.8 - COMHIONANNAS AGUS CEARTAS SÓISIALTA Á mBAINT AMACH

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 5.7b Teimpléad Mála Taistil
 - 6.8b Cártaí Táscaire

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí go raibh mála taistil á ullmhú acu ag críoch Aonaid 5 le haghaidh a thabhairt ar bhóthar an chomhionannais. Anois an t-am le himeacht . . .

Dul chun cinn

- 1 Tabhair amach an teimpléad mála taistil agus iarr ar na daltaí a bpas a ghreamú san áit cheart. Mínigh dóibh go bhfuil na cearta atá acu le haghaidh comhionannais agus ceartais shóisialta sa phas seo agus nach féidir na cearta seo a bhaint díobh.
- 2 Cuir i gcuimhne do na daltaí nach bhfuil sé furasta i gcónaí é a chinntiú go mbíonn fáil iomlán ar na cearta seo ag gach duine. In amanna is gá cearta daonna a theorannú cionn is nach mbíonn rialtais ábalta na gealltanais ar chearta daonna atá tugtha acu a chomhlíonadh. Seans nach bhfuil sé d'acmhainn acu fáil iomlán ar na cearta a cheadú do gach duine. In amanna déanann rialtais a ndícheall de réir an airgid/na n-acmhainní atá ar fáil dóibh.
- 3 Iarr ar na daltaí bheith ag machnamh ar na ceisteanna seo a leanas:
 - An féidir dáiríre go mbeadh fostaíocht 100% ann?
 - An bhfuil sé d'acmhainn ag an rialtas oideachas saor suas go dtí an ollscoil a chur ar fáil do gach duine?
 - An féidir go mbeadh cúram sláinte iomlán saor a bheith ag gach duine?
 - An bhfuil sé d'acmhainn ag an rialtas a dteach féin a thabhairt do gach duine?
- 4 Tabhair amach na ceithre chárta táscaire agus mínigh do na daltaí go gcaithfidh siad iad seo a luí isteach ina mála taistil mar aon leis an phas le haghaidh an bhóthair chun an chomhionannais. Ach ní luífidh siad isteach ann faoi mar atá siad - tá siad ró-mhór. Caithfear iad a ghearradh. Cuir i gcuimhne do na daltaí nach féidir a bpas "a ghearradh" cionn is nach dtig leo a gcearta daonna a chailleadh.
- 5 Iarr ar na daltaí machnamh ar na cártaí a ghearrfaidh siad. I bhfocail eile, cad iad na cearta daonna a d'fhéadfadh siad a theorannú, msh d'fhéadfadh siad cuid den oideachas a ghearradh lena chur in iúl nach mbeadh oideachas saor ar fáil ach suas go dtí 16 nó 18 mbliana d'aois srl; d'fhéadfadh siad cuid den fhostaíocht a ghearradh lena chur in iúl nach bhfuil sé indéanta go mbeadh lánfhostaíocht ann srl.
- 6 Ba chóir do na daltaí na cártaí a ghearradh le go luífidh siad isteach sa mhála taistil agus na roghanna atá déanta acu a mhíniú. (Agus go leor ama ann, déan plé ar cé acu a bheadh an mála taistil pacáilte ar dhóigh eile acu dá mbeadh siad ina gcónaí i dtír eile nó nach mbeadh.)

Conclúid

Mínigh do na daltaí go bhfuil laicisí airgid ann sa saol seo agus nach féidir na cearta daonna seo a chur i gcrích do gach duine agus go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach do rialtais an buiséad a chomhardú lena chinntiú go bhfuil ceartas sóisialta ann sa tír.

GNÍOMHAÍOCHT 6.9 FILL AR AN DOMHAN IDÉALACH

Áiseanna atá de dhíth

- Áis dalta
 - 3.7 Fill ar an Domhan Idéalach (féach Aonad 3)

Réamhrá

Cuir i gcuimhne do na daltaí go ndeachaigh siad, ag tús na gníomhaíochtaí don bhliain seo, siar ar na smaointe a bhí acu ar an domhan idéalach do pháistí. Agus na gníomhaíochtaí seo ar bun acu chaith siad roinnt ama ag fiosrú an domhain thart orthu agus ag iniúchadh na gcúiseanna a mbeadh daoine eisiata ón tsochaí. Tá iniúchadh déanta chomh maith acu ar bhealaí le comhionannas agus ceartas sóisialta a chothú le go mbeadh an saol seo ina dhomhan idéalach faoi mar a chuir siad síos air.

Dul chun cinn

- 1 Cuir na daltaí i ngrúpaí agus iarr orthu machnamh ar na hiarrachtaí atá tugtha ag daoine aonair, ag an tsochaí agus ag rialtais le domhan is fearr a dhéanamh, agus an t-eolas a bhailigh siad sna trí aonad dheireanacha in úsáid acu.
- 2 Iarr ar gach dalta labhairt ar a smaointe agus taifead iad seo ar an chlár.
- 3 Tabhair seans don rang breathnú ar an chairt ranga agus í a leasú de réir mar a shíleann siad. Déan cinnte de go bhfuil cóip den chairt ranga seo ag gach dalta lena húsáid i ranganna eile ar Shaoránacht Áitiúil agus Dhomhanda amach anseo.
- 4 Iarr ar gach grúpa machnamh arís ar an domhan idéalach acu. Iarr orthu an “aisling” acu ar dhomhan idéalach, mar a bhfuil comhionannas agus ceartas sóisialta do chách, a chur i láthair an ranga (msh mar dhán, mar chuid de dhráma, mar thableau, mar amhrán, mar phóstaer, mar óráid srl).

Conclúid

Tabhair seans do na daltaí machnamh leo féin ar ar fhoghlaim siad sa tsraith gníomhaíochtaí seo. Cuir an cheist: Cad é atá le déanamh go fóill leis an domhan idéalach seo a bhaint amach? Tabhair cóip den teimpléad “An Bóthar chuig Domhan Idéalach” do gach dalta agus iarr orthu roinnt ama a chaitheamh ar a chomhlánú mar chonclúid ar na haonaid seo de Chomhionannas agus Ceartas Sóisialta.

AGUISÍNÍ



AGUISÍN 5: COMHIONANNAS Á THUISCINT

Dlí an Chomhionannais i dTuaisceart Éireann

Is iad seo a leanas príomh-mhíreanna reachtaíocht an chomhionannais i dTuaisceart Éireann:

- An tAcht um Chomhionannas Pá (Tuaisceart Éireann) 1970 (arna leasú i 1984)
- An tOrdú um Leithcheal ar bhonn Gnéis (Tuaisceart Éireann) 1976 (arna leasú i 1988)
- An tOrdú um Chaidreamh idir Ciníoch (Tuaisceart Éireann) 1998
- An tOrdú um Fhostaíocht agus Dhíleáil Chóir (Tuaisceart Éireann) 1998
- An tAcht um Leithcheal ar bhonn Míchumais 1995
- An tOrdú um Chomhionannais (Míchumas srl) (Tuaisceart Éireann) 2000
- Acht Thuaisceart Éireann 1998 (Ranna 73 -75)

Mar is léir, cuireadh na míreanna reachtaíochta seo le chéile chun an duine aonair a chosaint ar leithcheal ar bhonn inscne, eitneachta, dearcaidh reiligiúnaigh nó pholaitiúil nó míchumais.

Tá dlí an chomhionannais dírithe den chuid is mó ar leithcheal a chosc i dtaca le fostaíocht agus le fáil ar earraí, sheirbhísí agus áiseanna. Sa reachtaíocht, cuirtear síos ar leithcheal go hiondúil mar “déileáil is neamhfhabhraí” an ghrúpa atá faoi chosaint i gcomparáid le déileáil grúpaí eile. Baintear úsáid as an sainmhíniú seo mar is gá in amanna déileáil le daoine ar dhóigh dhifriúil lena chinntiú go bhfuil comhionannas deiseanna ann.

Tá Roinn 75 d'Acht Thuaisceart Éireann ag iarraidh dul thar an reachtaíocht thraidisiúnta fhrithidirdhealaithe trí dhualgas reachtúil a chur ar údaráis phoiblí le go gcothófar comhionannas deiseanna agus dea-chaidreamh agus a gcuid feidhmeanna á gcur i gcrích acu (msh. i ngach ceann dá bpolasaithe agus dá gcleachtais). Tá sé oirchilleach sa dóigh go ndéanann sé iarracht neamhionannas déileála a sheachaint in áit pionós a ghearradh air go siarghabhálach. Déantar tagairt ar leith do chothú comhionannas na déileála idir:

- Creideamh reiligiúnach difriúil, dearcadh polaitiúil difriúil, grúpa ciníoch difriúil, aois dhifriúil (sean agus óg) stádas pósta difriúil nó claonadh gnéis difriúil;
- Fir agus mná go ginearálta;
- Daoine a bhfuil míchumas orthu agus daoine nach bhfuil;
- Daoine a bhfuil cleithiúnaithe acu agus daoine nach bhfuil

agus do chothú dea-chaidrimh idir daoine a bhfuil creideamh reiligiúnach difriúil, dearcadh polaitiúil difriúil nó grúpa ciníoch difriúil acu.

San áis seo, fiosraíonn Aonad 5 saincheist an chomhionannais i gcomhthéacs cosaint daoine aonair ar leithcheal ar bhonn na féiniúlachta grúpa acu chomh maith le cothú comhionannas deiseanna do ghrúpaí “roinn 75” uile.

Ceartha Daonna agus Comhionannas

Tá clásal “neamh-leithcheala” ag príomh-ionstraimí idirnáisiúnta uile na gcearta daonna (amhail Dearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine agus Coinbhiniúin na hEorpa um Chearta Daonna - agus amhail an tAcht um Chearta Daonna). Tagraíonn na clásail seo do na grúpaí ar féidir leo úsáid a bhaint as na cearta mar atá siad in ionstraimí na gcearta daonna gan leithcheal.

Dearadh ionstraimí áirithe sa dóigh go gcosnóidh siad grúpaí mionlaigh nó grúpaí a bhfuil cosaint ar leith de dhíth orthu msh

- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhíothú Leithcheala ar Mhná (CEDAW)
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Dhíothú Leithcheala Chiníoch (CERD)
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Chearta an Pháiste (UNCRC)

Lena thuilleadh dearbhuithe, rún srl a fháil féach www.un.org

Aithnítear go hidirnáisiúnta, mar sin, go gcaithfear grúpaí áirithe a chosaint ar leithcheal agus go gcaithfear comhionannas deiseanna a chothú.

Beidh sainfhorálacha ar chomhionannas i mBille na gCeart do Thuaisceart Éireann.

AGUISÍN 6: Dátaí Fhéilire an Domhain

<p>Eanáir</p> <p>1ú Lá Caille Lá Domhanda na Síochána</p> <p>5ú Breithlá Guru Gobind Singh (Sikh)</p> <p>6ú Eipeafáine (Críostaí)</p> <p>27ú Lá Cuimhneacháin an Uileloiscthe Lá Domhanda Lobhra</p>	<p>Feabhra</p> <p>An Bhliain Úr Shíneach - 3 lá</p> <p>11ú Lá Domhanda na n-Easlán</p> <p>Eid Al-Addha (Ioslamach)</p> <p>15ú Parinirvana (Búdachas)</p> <p>21ú Lá Idirnáisiúnta na Teanga Dúchais</p>	<p>Márta</p> <p>1ú Lá Fhéile Daibhéid (Críostaí)</p> <p>4ú Al-Hijra (Ioslamach)</p> <p>8ú Lá Idirnáisiúnta na mBan um Síocháin & Dí-armáil</p> <p>10ú Lá an Chomhlathais</p> <p>17ú Lá Fhéile Pádraig (Críostaí)</p> <p>18ú Purim (Giúdach) Holi (Hiondúch)</p> <p>21ú Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú Idirdhealaithe Ciníoch</p> <p>27ú Lá Domhanda na hAmharclainne</p>
<p>Aibreán</p> <p>7ú Lá Domhanda na Sláinte</p> <p>14ú Lá Náisiúnta na Marbh Baisakhi (Sikh)</p> <p>22ú Lá Cruinne</p> <p>23ú Lá Fhéile Seoirse (Críostaí)</p> <p>28ú Lá Cuimhneacháin Idirnáisiúnta na n-Oibríthe Lá Seirbhíse Domhanda don Ógra</p>	<p>Bealtaine</p> <p>3ú Lá Domhanda um Shaoirse an Phreasa</p> <p>8ú Lá Idirnáisiúnta na Croise Deirge</p> <p>15ú Lá Idirnáisiúnta na dTeaghlach</p> <p>16ú Wesack (Búdachas)</p> <p>25ú Lá na hAfraice Seachtain Comhpháirtíochta le Muintir Críoch Neamh-Féinrialaithe</p>	<p>Meitheamh</p> <p>4ú Lá Idirnáisiúnta Páistí Neamhchiontacha Íospartaigh Ionsaithe</p> <p>6ú Shavout (Giúdach)</p> <p>16ú Bás Guru Arjan Dev (Sikh)</p> <p>20ú Lá Domhanda na dTeifeach</p> <p>26ú Lá Idirnáisiúnta In Éadan Mí-Úsáid agus Gáinneáil Drugaí</p>
<p>Iúil</p> <p>11ú Lá Domhanda Daonra</p> <p>13ú Lá Dharma (Búdachas)</p>	<p>Lúnasa</p> <p>7ú Lá Náisiúnta Súgartha</p> <p>9ú Lá Idirnáisiúnta Daoine Dúchasacha</p> <p>12ú Lá Idirnáisiúnta don Ógra</p> <p>23ú Lá Idirnáisiúnta um Chuimhneachán Trádáil Sclábhaithe agus Á Cealú</p>	<p>Meán Fómhair</p> <p>1ú Tionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe</p> <p>4ú Lá Idirnáisiúnta na Síochána</p> <p>7ú Rosh Hashanah (Giúdach)</p> <p>8ú Lá Idirnáisiúnta na Litearthachta</p> <p>21ú Lá Idirnáisiúnta na Síochána Succot (Giúdach)</p>
<p>Deireadh Fómhair</p> <p>1ú Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine is Sine</p> <p>7ú Lá Domhanda Gnáthóg (UN)</p> <p>10ú Lá Domhanda um Shláinte Intinne</p> <p>11ú Lá Náisiúnta Bainne do Scoileanna</p> <p>15ú Lá Domhanda Mná Tuaithe</p> <p>17ú Lá Idirnáisiúnta um Dhíothú Bochtaineachta</p> <p>18ú Lá Domhanda Bia</p> <p>24ú Lá na Náisiún Aontaithe Lá Domhanda um Fhorbairt Eolais</p>	<p>Mí na Samhna</p> <p>1ú Lá na Naomh Uile (Críostaí)</p> <p>4ú Diwali (Hiondúch)</p> <p>5ú Oíche Tine Chnámh</p> <p>6ú 1ú Ramadan (Ioslamach)</p> <p>11ú Lá Cuimhnimh Breithlá Guru Nanek Dev (Bunaitheoir Sikh)</p> <p>16ú Lá Idirnáisiúnta na Caoinfulaingthe</p> <p>18-26 Seachtain Comhpháirtíochta Idirnáisiúnta</p> <p>20ú Lá Uillíoch Páistí</p> <p>24ú Mairtíocht Guru Tegh Bahadur Ji (Sikh)</p> <p>25ú Lá Idirnáisiúnta In Éadan Foréigin Ar Mhná</p> <p>29ú Lá Idirnáisiúnta Comhpháirtíochta le Muintir na Palaistíne</p> <p>30ú Lá Fhéile Aindriú (Críostaí) Chanukah (Giúdach)</p>	<p>Mí na Nollag</p> <p>1ú Lá Domhanda SEIF</p> <p>2ú Lá Idirnáisiúnta um Chealú Trádáil Sclábhaithe</p> <p>3ú Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine Faoi Mhíchumas</p> <p>5ú EidAI-Fitr (Ioslamach) Lá Idirnáisiúnta na Saorálaithe</p> <p>10ú Lá na gCeart Daonna</p> <p>25ú Lá Nollag (Críostaí)</p> <p>26ú Lá Fhéile Stíofáin</p> <p>31ú Oíche Chinn Bliana</p>

Deicéanna bliana

2001–2010	Deich mBliana Idirnáisiúnta do Chultúr na Síochána agus an Neamhfhoréigin do Pháistí an Domhain
1997–2008	Céad Deich mBliana na Náisiún Aontaithe do Dhíothú na Bochtaineachta
1995–2004	Deich mBliana Idirnáisiúnta um Oideachas na gCeart Daonna Deich mBliana Idirnáisiúnta do Dhaoine Dúchasacha an Domhain
1993–2003	Tríú Deich mBliana le dul i nGleic le Ciníochas agus Leithcheal Ciníoch
1993–2002	Dara Deich mBliana um Fhorbairt Tionsclaíoch don Afraice

AGUISÍN 7: CEARTAS SÓISIALTA

Baineann “Ceartas Sóisialta” le meicníochtaí a fháil chun dul i ngleic le heisiamh sóisialta. Ní thig le cuid mhór daoine sa tsochaí áitiúil agus sa tsochaí dhomhanda an cumas acu a fhorbairt ina iomláine ná na deiseanna céanna le daoine eile a fháil i ngeall ar na cúrsaí ábhartha acu msh drochfhostaíocht, droch-chaighdeáin cúram sláinte, leibhéal íseal oideachais srl. I mbeagán focal, is iarracht é ceartas sóisialta na cúiseanna leis an bhochtaineacht agus na hiarmhairtí a leanann í a chur ina gceart.

Is minic a shainmhínítear an bhochtaineacht i dtéarmaí dearbh-bhochtaineachta agus bochtaineachta coibhneasta.

Baineann dearbh-bhochtaineacht go traidisiúnta le dálaí ina bhfuil easpa bunriachtanas ann do dhaoine aonair le saol fisiciúil sláintiúil a chothú - go leor bia agus dídine.

Minic go leor, bíonn leibhéal áirithe d'ioncam i gceist nuair a chuirtear na “sainmhínte cothaithe” seo ar bhochtaineacht le chéile msh daoine a bhfuil níos lú ná “dollar sa lá” acu is faoin bhochtaineacht atá siad ag maireachtáil. Seans nach bhfuil iomlán na fírinne anseo mar is costasaí, mar shampla, áiteanna áirithe sa domhan ná áiteanna eile le beatha a bhaint astu.

Baineann bochtaineacht choibhneasta le caighdeán maireachtála i gcomparáid leis an mheánioncam atá ann i dtír nó i suíomh geografach áirithe. Is féidir, mar sin, go mbeadh duine i dTuaisceart Éireann ag maireachtáil faoi dhálaí na bochtaineachta coibhneasta mura bhfuil sé/sí ag maireachtáil faoi dhearbh-bhochtaineacht.

San áis seo, fiosraíonn Aonad 6 saincheist an cheartais shóisialta i gcomhthéacs na dearbh-bhochtaineachta agus na bochtaineachta coibhneasta. Seachas bheith ag iarraidh an nádúr timthriallach a bhaineann le cúiseanna agus le hiarmhairtí na bochtaineachta a phiocadh, díríonn sé ar cheithre phríomhtháscaire na bochtaineachta: fáil ar chúram sláinte, dhídean, fhostaíocht agus oideachas i gcomhthéacs domhanda agus i gcomhthéacs áitiúil araon.

Agus díospóireachtaí ar shaincheist na bochtaineachta ar bun, tá sé tábhachtach nach ndéantar daoine a lipéadú mar “bhocht” nó “na bocht”. Is féidir go bhfuil daoine ag maireachtáil faoi dhálaí ábhartha bochta - ach is féidir chomh maith go bhfuil “saibhreas” i saol an teaghlaigh agus sa chultúr acu.

Ceartha Daonna agus Ceartas Sóisialta

I nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine déantar tagairt ar leith do chearta daonna atá riachtanach le go mairfidh daoine aonair beo agus go bhforbróidh siad. Is minic a thagraítear do chatagóir seo na gcearta daonna mar “chearta socheacnamaíocha”, msh ceart ag duine ar chúram sláinte, ar dhídean, ar obair, ar oideachas srl. I gCoinbhinsiún um Chearta an Pháiste déantar tagairt chomh maith do chearta socheacnamaíocha maidir leis an cheart atá ag daoine óga ar mharthanas agus fhorbairt.

I gCoinbhinsiún na hEorpa um Chearta an Duine (agus mar sin de san Acht um Chearta an Duine) ní dhéantar tagairt do chearta socheacnamaíocha (ach amháin i dtaca le ceart ar oideachas de). Léirítear anseo gur minic a bhíonn drogall ar stáit cearta socheacnamaíocha a chinntiú toisc nach bhfuil ach acmhainní teoranta acu.

Dearadh ionstraimí idirnáisiúnta áirithe sa dóigh go gcothódh agus go gcosnódh siad cearta socheacnamaíocha msh Coinbhinsiún na NA um Chearta Eacnamaíochta, Sóisialta agus Cultúrtha.

(Lena thuilleadh dearbhuithe, rún srl a fháil féach www.un.org)

Beidh sainfhorálacha ar chearta sóisialta agus eacnamaíocha i mBille na gCearta do Thuaisceart Éireann.

AGUISÍN 8: CEANNSCRÍBHÍNNÍ FAOI CHOINNE GRIANGHRAF

- 1 Suíomh: Deland SAM, Florida
Ceannscríbhínn: Mic léinn ghorma agus múinteoir i meánscoil.
- 2 Suíomh: UGANDA Kampala
Ceannscríbhínn: Tá Naoilann Namirembe á reáchtáil ag an eaglais. Ar na 112 páiste idir 3 agus 6 bliana d'aois is dílleachtaí SEIF iad tuairim is aon cheathrú acu.
- 3 Suíomh: MAILÍ Tintihigrene
Ceannscríbhínn: Páiste i seomra ranga i scoil Tintihigrene. Níl ach múinteoir amháin ann i scoil 65 páiste.
- 4 Suíomh: AN CHÉINIA Nairobi
Ceannscríbhínn: Forbhreathnú ar shluma Kibera. Agus 528,000 duine ag cur fúthu i Kibera is é an “lonnaíocht neamhfhoirmiúil” is mó i Nairobi. Tá na naoi “sráidbhaile” ann - Line Saba, Soweto, Makina, Kianda, Gatwekera, Mashimoni, Silanga, lindi agus Kambi Muuru/Kisumu Ndogo - brúite idir lár na cathrach agus na bruachbhailte saibhre de Karen, Lang'ata agus Lavington, a coinníodh sa ré coilíneach le haghaidh lonnaíochtaí Eorpacha.
- 5 Suíomh: AN AFRAIC THEAS Johannesburg
Ceannscríbhínn: Seanbhean ina cónaí i measc an bhruscair i lár an cheantair airgeadais is cumhachtaí san Afraic.
- 6 Suíomh: AN INDINÉIS Surabaya
Ceannscríbhínn: Mná ag obair ar a ndícheall i monarcha toitíni P.T. Sampoema.
- 7 Suíomh: AN RÍOCHT AONTAITHE Manchain, Sasana
Ceannscríbhínn: Teach sraithe tréigthe i Salford.
- 8 Suíomh: Afracánaigh AN AFRAIC THEAS Pretoria
Ceannscríbhínn: Taispeánann bean fógra do thiománaithe agus iad ag dul thart: - Lig dom do charr a ghlanadh. Tá beirt pháistí agam. Íocfar an cíós leis an airgead a thabharfaidh tú dom. Go raibh maith agat. +
- 9 Suíomh: MÓSAIMBÍC Cúige Manica
Ceannscríbhínn: Tá ganntanas bunáiseanna cúram sláinte ann. Ionad sláinte seiftithe i dteach buamáilte i Chivure, Ceantar Guro.
- 10 Suíomh: MEICSICEO Cathair Mheicsiceo
Ceannscríbhínn: Na scileanna acu mar phluiméirí agus leictreoirí á bhfógairt ag fir dhífhostaithe sa Zocalo, príomhchearnóg na cathrach.
- 11 Suíomh: AN tSÍN Beijing
Ceannscríbhínn: Seanfhear ar turas i gcathaoir rotha lena mhuintir. I ngeall ar pholasaí an aonlinbh, tá daonra uirbeach na Síne ag aosú go gasta, agus níl cúram sláinte saor anois.

- 12 Suíomh: AN INDIA Rajasthan
Ceannscríbhínn: Oibrí bunchúram sláinte neamhliteartha taobh leis an chófra cógas aici a bhfuil treoracha pictiúrtha air.
- 13 Suíomh: AN BHRASAÍL
Ceannscríbhínn: Daltaí sa seomra ranga.
- 14 Suíomh: AN RÍOCHT AONTAITHE Sasana
Ceannscríbhínn: Iar-mhianadóir guail dífhostaithe sa phostionad sa lárionad pobail An Forge, Norton Grange, Stockton-on-Tees.
- 15 Suíomh: AN RÍOCHT AONTAITHE Leeds, Sasana
Ceannscríbhínn: Daltaí sa seomra ranga i scoil Allerton Grange.
- 16 Suíomh: AN INDINÉIS Papua Thiar (Irian Jaya)
Ceannscríbhínn: Éirí gréine i nGleann Wollou. Coiglíonn na mná na tinte istigh sna botháin.
- 17 Suíomh: AN IORUA Osló
Ceannscríbhínn: Tá Sara ag obair mar bhean ghlúine i bpríomh-oispidéal de chuid Osló, Aker sykehus. Is as an tSomáil ó dhúchas di.
- 18 Suíomh: SAM Maine
Ceannscríbhínn: Is freastalaí í Brenda i stáisiún peitрил in Framington agus tá clú uirthi as a neart. +Miss Toyota+ a thugann na custaiméirí uirthi, leasainm atá uirthi ó thug custaiméir amhrasach a dúshlán carr a thógáil lena lámha. Chuaigh sí amach díreach agus thóg sí an Toyota aige. Cionn is nach bhfuil rud ar bith eile le cruthú aici tá sí ag éirí as a post mar fhreastalaí. Amárach beidh sí ag obair mar gharda príosúin.
- 19 Suíomh: Co. Thír Eoghain Tuaisceart Éireann
Ceannscríbhínn: Mainteach tréigthe
- 20 Suíomh: RA Bruachbhaile Cathrach
Ceannscríbhínn: Teach teaghlaigh
- 21 Suíomh: Roinn Ilmheáin Béal Feirste Tuaisceart Éireann
Ceannscríbhínn: Oibreoir ríomhaire i mbun oibre.

AGUISÍN 9: SCRÍBHNEOIRÍ

Arna scríobh, eagrú agus thiomsú ag

Anne-Marie Poynor
Bernie Kells
Bernie Boyle
John McCusker
June Neill
Lesley McEvoy
Patricia Blackman
Róisín McLaughlin

Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
CCEA
Ollscoil Uladh i gCuil Rathain
Bord Oideachais agus Leabharlainne Bhéal Feirste
Bord Oideachais agus Leabharlainne an Iarthair
Bord Oideachais agus Leabharlainne an Oirdheiscirt
Bord Oideachais agus Leabharlainne an Deiscirt
One World Centre, Béal Feirste

AGUISÍN 10: ADMHÁLACHA

Ba mhaith le CCEA buíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas as ucht a gcomhoibrithe agus a dtacaithe maidir lena moltaí agus a gcomhairle:

Alan McCully Ollscoil Uladh i gCúil Rathain
Edel Teague Coimisiún na gCeart Daonna Thuaisceart Éireann
Michael Arlow Ollscoil na Banríona Béal Feirste
Norman Richardson Coláiste na hOllscoile, An Sruthán Milis


Obair Ealaíne:

Gillian Cooke
Lesley McEvoy
Anne- Marie Poynor
Richard Adams
Jim Smyth

FREAGRAÍ



ÁIS 4.2: TEIMPLÉAD EISIATA COMHLÁNAITHE



DÁ MBEADH £100 LE ROINNT AG AN DOMHAN

1 Cá mhéad a gheobhadh an Áise/an tAigéan Ciúin le roinnt ar a muintir?

£ 26.45

2 Cá mhéad a gheobhadh an Eoraip Thoir le roinnt ar a muintir?

£ 6.00

3 Cá mhéad a gheobhadh an Eoraip Thiar le roinnt ar a muintir?

£ 21.00

4 Cá mhéad a gheobhadh Meiriceá Laidineach agus an Chairib le roinnt ar a muintir?

£ 8.15

5 Cá mhéad a gheobhadh Meiriceá Thuaidh le roinnt ar a mhuintir?

£ 23.60

6 Cá mhéad a gheobhadh an Afraic le roinnt ar a muintir?

£ 2.76

